# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

2014



Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director of Corporate Enforcement

## Le haghaidh eolas eile déan teagmháil le:


**Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
16 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 01 858 5800
Íosghlao: 1890 315 015
Facs: 01 858 5801
Ríomhphoist: info@odce.ie
Suíomh Gréasán: www.osfc.ie


## Ráiteas Cóipchirt agus Séanta


Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2015

# CLÁR ÁBHAIR


## BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR 3

## Sracfhéachaint 7

## Caibidil 1: Forbhreathnú ar OSFC 9

Sainordú reachtúil 10

Spriocanna ardleibhéil 10

Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre 11

## Caibidil 2: Tuiscint Níos Fearr ar Chearta agus Dhualgais na bPáirtithe lena mBaineann faoi Dhlí na gCuideachtaí a Chur Chun Cinn 15

Intreoir 16

Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana 16

Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant 17

Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt 18

## Caibidil 3: Aghaidh a Thabhairt ar Iompar Neamhdhleathach agus Neamhfhreagrach sa Mhéid go mBaineann Sé le Dlí Cuideachta 21

Struchtúr na Caibidle seo 22

### IONCHUIR SHEACHTRACHA 22

Tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí 23

Leithdháileadh earnálach d'ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 56 na leachtaitheoirí) 25

Gearáin 26

Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó iniúchóirí 27

Tarchuir 27

Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó chomhlachtaí gairmiúla 28

Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann 28

### IONCHUIR INMHEÁNACH 29

Intreoir 29

Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha 29

Maoirseacht ar leachtaitheoirí 29

Imscrúduithe a tosaíodh ar a tionscnamh féin 30

Líon na n-ionchur inmheánach – 2014 30

TRÉCHUIR 31

ASCHUIR 33

Aschuir ó phróiseas alt 56 33

Aschuir na hoibre forfheidhmithe 36

Réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach 36

Comhlíonadh a áirithiú trí chumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú 36

Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile 37

Forfheidhmiú sibhialta 37

Forfheidhmiú coiriúil 40

Caibidil 4: Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a Chur ar Fáil do Pháirtithe Leasmhara Inmheánacha agus Seachtracha 45

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha 46

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha 48

Caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí 48

Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht 48

Aguisíní 51

Aguisín 1: Caiteachais arna chionroinnrt i gcoinne chionroinnt iarbhír – 2012-2014 52

Aguisín 2: Láithreoireachtaí a d'fhuascail agus taispeántais ar ar fhreastail – 2014 53

Aguisín 3: Cásanna ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe Srianadh de bhun alt 56 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 56

Aguisín 4: Cásanna ina rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháilithe de bhun alt 56 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 62

Aguisín 5: Cásanna ina nach dhearna an Ard-Chúirt Orduithe Srianadh nó Dícháiliú de bhun alt 56 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 63

Gluais 64

# BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR



# BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR

## Brollach

De bhun Alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001, is deas liom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige don bhliain 2014 a chur faoi bhráid an Uasail Richard Bruton, T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## An bhliain faoi athbhreithniú – príomh-aschuir agus príomhthorthaí

Mar is léir ó chorp na Tuarascála seo, sholáthair an Oifig roinnt aschuir inbhraite le linn na bliana, arbh é an comhthoradh a bhí orthu ar fad leanúint de bheith ag cur leis na nithe seo a leanas:

- cabhrú le páirtithe leasmhara cloí lena n-oibleagáidí agus suí lena gcearta faoi seach faoi dhlí na gcuideachtaí; agus
- aghaidh a thabhairt ar thuilleadh iompar mífhreagrach neamh-chomhlíontach agus é a dhímholadh.

Áiríodh na nithe seo a leanas leis na rannchuidithe suntasacha ina leith sin:

- raon cásanna neamh-chomhlíonta a réiteach ar bhonn neamhreachtúil níos cost-éifeachtúla, lenar áiríodh iad seo a leanas:
  - saincheisteanna a bhain le hiasachtaí stiúrthóirí ar a raibh luach comhiomlán de thart ar €66m;
  - saincheisteanna a bhain le daoine a airbheartóidh a bheith ag gníomhú mar iniúchóirí reachtúla cé nach raibh siad cáilithe déanamh amhlaidh;
  - saincheisteanna a bhain le teip taifid chuí a choimeád ar ghnóthaí airgeadais de chuid cuideachtaí;
- in 281 cás ar leith, bearta níos foirmiúla a úsáid chun comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí a bhaint amach go rathúil ar thaobh raon páirtithe;
- dícháiliú seisir a bhaint amach de bhun iarratas a rinne an Oifig chuig an Ard-Chúirt;
- 177 stiúrthóir cuideachta a shrianadh, agus 16 stiúrthóir eile a dhícháiliú, de bhun iarratas ó leachtaitheoirí a rinneadh chuig an Ard-Chúirt tar éis don Oifig tuairiscí bunúsacha na leachtaitheoirí a ghrinnscrúdú;
- 19 gcion choiriúla a bhaint amach sa Chúirt Dúiche mar gheall ar sháruithe ar Achtanna na gCuideachtaí; agus
- ar aon dul le haistriú straitéiseach i dtreo cásanna indíotáilte, 2 chás ar leith a ionchúiseamh sa Chúirt Chuarda Choiriúil, agus ceann amháin de na cásanna sin á achomharc go rathúil ina dhiaidh sin chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil.

## An bhliain faoi athbhreithniú – eachtraí agus forbairtí suntasacha

### Imeachtaí coiriúla a bhain le hIarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach

Le linn tréimhse 10 seachtaine, ba roimh Bhreitheamh agus roimh ghiúiré a éisteadh an chéad triail a tháinig as imscrúdú na hOifige ar Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach – rud ar ar tugadh triail "Alt 60". Tar éis an fhianaise ar fad a éisteacht, fuair an giúiré an tUasal Pat Whelan agus an tUasal William McAteer ciontach i 10 scór de sháruithe líomhnaithe ar alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963[1], agus fuair sé neamhchiontach iad i 6 scór eile. Fuair an giúiré an tríú cosantóir, an tUasal Sean FitzPatrick, neamhchiontach i 10 scór de sháruithe líomhnaithe ar alt 60 agus, ar ordú ón mBreitheamh trialach, thug an giúiré fíoraisc neamhchiontachta i ndáil le 6 chúiseamh eile. Ar ordú ón mBreitheamh trialach, thug an giúiré fíoraisc neamhchiontachta i ndáil le 7 scór eile de sháruithe líomhnaithe ar alt 243 d'Acht na gCuideachtaí 1990[2], in aghaidh an Uasail Whelan. Mar thoradh ar a gciontú ar díotáil i gcion faoi Acht na gCuideachtaí, tá an tUasal McAteer agus an tUasal Whelan faoi réir Orduithe Dícháilithe ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús dháta an chiontaithe de réir fhorálacha alt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Tá triail eile, a bhaineann le sáruithe líomhnaithe ar alt 197[3] d'Acht na gCuideachtaí 1990, ag an Uasal FitzPatrick, le tosú an 13 Aibreán 2015.

1 Pléitear le halt 60 le cúnamh airgeadais a bheith á sholáthar ag cuideachta maidir le scaireanna dá cuid féin a cheannach
2 Pléitear le halt 243 le díothú, lot nó falsú doiciméad
3 Pléitear le halt 197 le ráitis bhréagacha a dhéanamh le hiniúchóirí

Ina theannta sin, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ("SIP") tuilleadh cúiseamh in aghaidh an Uasail Whelan agus an Uasail McAteer araon maidir le sáruithe líomhnaithe ar alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963[4]. Tá an triail lena mbaineann le tosú an 16 Eanáir 2017.

Mar a dúirt mé i dTuarascáil na bliana seo caite, léiríonn an fhíric go bhfuil na trialacha sin – beag beann ar scála na n-imscrúduithe taobh thiar díobh, ar a chasta atá siad, ar an iliomad gnéithe núíosacha a bhaineann leo agus ar iad a bheith dian ar acmhainní – á dtabhairt os comhair na gCúirteanna lena mbreithniú ag Breitheamh agus ag giúiré go bhfuil an córas atá i bhfeidhm chun imscrúdú a dhéanamh ar na cionta féideartha is tromchúisí a bhaineann le dlí na gcuideachtaí in ann freagairt go cuí agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm.

## Achomhairc chuig an gCúirt Achomhairc – achomhairc shibhialta

Faoi Achtanna na gCuideachtaí, is é an bealach cuí chun deireadh ordúil a chur le cuideachta dhócmhainneach ná leachtaitheoir a cheapadh. I measc nithe eile, cinntíonn an cineál gnímh sin go mbíonn iompar stiúrthóirí na cuideachta díreach roimh an dócmhainneacht faoi réir ghrinnscrúdú an leachtaitheora. Dá bhrí sin, agus i gcásanna ina bhfuil údar leis, is féidir aird na gCúirteanna a tharraingt ar iompar na stiúrthóirí chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil srianadh nó dícháiliú cuí chun leas an phobail.

Ar an gcúis sin, foráiltear le hAchtanna na gCuideachtaí go bhféadfaidh an Oifig iarratas a dhéanamh chuig na Cúirteanna chun stiúrthóirí cuideachta a dhícháiliú i gcásanna nach ndéanann stiúrthóirí de chuid cuideachta dócmhainní an cineál gnímh sin iontu agus ina roghnaíonn siad ligean don chuideachta a bheith bainte den Chlár, i.e., an chuideachta a thréigean.

Ó bhunú na hOifige seo, tá sé ina chuspóir straitéiseach an cineál sin iompair a dhíspreagadh agus, ar mhaithe leis an gcuspóir sin a chur ar aghaidh, tá cuid mhór iarratas den sórt sin déanta ag an Oifig le deich mbliana anuas. Agus cásanna á roghnú lena dtabhairt os comhair na Cúirte, mar sin, rinne an Oifig iarracht díriú, a mhéid ab fhéidir, ar na cásanna sin a bhfuil dliteanais shuntasacha neamhghlanta iontu fós agus nach bhfuil imthosca maolaitheacha ag gabháil leo. In ainneoin go bhfuil lánrogha ag an gCúirt maidir le cé acu a fhorchuirfidh nó nach bhforchuirfidh sí dícháiliú, ba mar thoradh ar an sruth oibre sin le blianta anuas a dícháilíodh 115 stiúrthóir cuideachta agus a srianadh deichniúr eile mar mhalairt ar dhícháiliú. Mar sin, tá sé ina straitéis éifeachtach maidir le smachtbhannaí a chur i leith iompair den sórt sin agus cuireann sé bac le daoine iad féin a iompar ar an mbealach sin dá bharr.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne an Ard-Chúirt cinneadh ar cheithre iarratas den sórt sin. Cé gur éirigh leis an Oifig in dhá cheann de na cásanna sin, dhiúltaigh an Chúirt Orduithe Dícháilithe a dhéanamh sa dá chás eile. Tar éis machnamh a dhéanamh ar an dá bhreithiúnas lena mbaineann, cinneadh achomharc a dhéanamh in aghaidh na gcinntí sin chuig an gCúirt Achomhairc. Agus é seo á scríobh, tá ceann amháin de na hachomhairc sin tarraingthe siar (toisc gur tháinig faisnéis nua chun cinn tar éis an t-achomharc a thaisceadh) agus tá an Chúirt Achomhairc leis an gceann eile a éisteacht i mí Dheireadh Fómhair 2015.

## Achtú an Achta fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, lean an Roinn Airgeadais ar aghaidh leis an mBille fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní ("GÉCSanna") a chur ar aghaidh tríd an Oireachtas, rud as ar tháinig achtú agus teacht i bhfeidhm an Bhille ar deireadh i mí an Mhárta 2015. Is ionann GÉCSanna agus eintitis chorparáideacha shainchuspóireacha dá bhforáiltear mar chuid de Straitéis an Rialtais maidir leis an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (LSAI) agus a bhfuil príomhfhreagracht rialála ar an mBanc Ceannais ina leith. Mar sin féin, is bunaithe go mór ar dhlí na gcuideachtaí atá an creat reachtach lena rialaítear bunú GÉCSanna. Faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015, tugadh feidhmeanna rialála áirithe don Oifig maidir le GÉCSanna – mar shampla, tá feidhmeanna ag OSFC anois maidir le srianadh agus le dícháiliú stiúrthóirí de chuid GÉCSanna a lorg in imthosca áirithe, maidir le hiarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar Orduithe Comhlíonta in aghaidh GÉCSanna nach bhfuil comhlíontach agus cionta áirithe a ionchúiseamh go hachomair faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní.

Is féidir rioscaí gaolmhara teacht chun cinn i gcásanna ina bhfuil eintitis á rialáil ag roinnt Gníomhaireachtaí éagsúla. Ós rud é go dtugtar leis an Acht feidhmeanna do OSFC maidir le cohórt úrnua eintiteas, rinne an Oifig obair fhairsing leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi seach le linn na bliana faoi athbhreithniú, agus béim ar leith á cur ar a chinntiú gur cuí, láidir agus éifeachtach a bheadh an creat reachtach agus rialála lena mbaineann.

4 Pléitear le halt 297 le dliteanas coiriúil na ndaoine lena mbaineann maidir le trádáil chalaoiseach ag cuideachta

### Achomhairc chuig an gCúirt Achomhairc – achomhairc choiriúla

Tar éis machnamh a dhéanamh ar an gcomhad a chuir an Oifig isteach, d'ordaigh SIP go ndéanfaí an tUasal Ignatius Forde, an Cosantóir, a chúiseamh i gcaoga scór de sháruithe líomhnaithe ar alt 187[5] agus ar alt 242[6] d'Acht na gCuideachtaí 1990. Tugadh an cás sin chun trialach le linn na bliana faoi athbhreithniú. Rinne an tUasal Forde pléadáil chiontach a thaifeadadh i ndáil le trí scór déag ar an díotáil. Chiontaigh an Chúirt Chuarda Choiriúil an tUasal Forde i scór amháin de chion faoi alt 242(1) agus gearradh fíneáil €1,000 air. Rinne an Chúirt breithniú ar na naoi scór eile is daichead ar an díotáil.

Rinne SIP achomharc chuig an gCúirt Achomhairc in aghaidh na pianbhreithe thuas ar fhorais trócaire míchuí. Chinn an Chúirt Achomhairc ina dhiaidh sin gur trócaireach go míchuí a bhí an phianbhreith a chuir an Chúirt Chuarda Choiriúil agus, dá réir sin, mhéadaigh sí an phianbhreith bhunaidh. Ordaíodh don Uasal Forde 200 uair seirbhís pobail a chur isteach in ionad téarma príosúnachta ar feadh dhá mhí dhéag agus méadaíodh an fhíneáil bhunaidh ó €1,000 go €3,000.

## An bhliain atá romhainn

Beidh raon dúshlán agus deiseanna ann roimh an Oifig sa bhliain atá romhainn.

### Acht na gCuideachtaí

Táthar tar éis tabhairt faoi méid suntasach oibre, agus obair eile idir lámha, chun ullmhú do theacht i bhfeidhm Acht na gCuideachtaí an 1 Meitheamh. Mar aon le hathbhreithniú ar an tsraith reatha foilseachán faisnéise, agus le hábhar forlíontach a chur ar fáil de réir mar ba ghá, rinneadh obair shuntasach chun ullmhú do theacht i bhfeidhm na bhforálacha reachtacha lena rialaítear gnóthais srianta agus dícháilithe. Ar theacht i bhfeidhm an Achta, is dóigh go gcuirfidh an córas gnóthas srianta go háirithe go mór le sruth oibre na hOifige. Mar sin féin, ba cheart go mbainfeadh an córas nua sin tairbhí amach maidir le laghdú a dhéanamh ar ualach cásanna na Cúirteanna, maidir le laghdú a dhéanamh ar an ualach oibre atá ar stiúrthóirí cuideachta a bheadh faoi réir imeachtaí Cúirte ar shlí eile agus, trí laghdú a dhéanamh ar chostais dlí leachtaitheoirí, ba cheart go méadódh sé na leibhéil chistí a bheidh ar fáil i leachtuithe.

### Cúrsaí foirne

Rinneadh tagairt i dTuarascáil na bliana seo caite don fhíric gur sainaithníodh go háirithe in athbhreithniú a rinneadh ar acmhainní reatha nach raibh dóthain saineolas inmheánach cuntasaíochta ann agus rinneadh tagairt do thionchar teorantach an easnaimh sin. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, agus tacaíocht á fáil aici ón Roinn, d'éirigh leis an Oifig cead a fháil seisear cuntasóirí nua a earcú in éineacht le hacmhainn inmheánach fóiréinsice TF. Agus é seo á scríobh, tá an Oifig ag obair leis an Roinn d'fhonn na próisis earcaíochta lena mbaineann a chur ar siúl.

### Treo straitéiseach na hoibre forfheidhmithe

Faoi mar a tugadh le fios i dTuarascáil na bliana seo caite, tá obair forfheidhmithe na hOifige tar éis aistriú i dtreo imscrúduithe níos casta agus níos tromchúisí a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Go deimhin, tá an t-aistriú sin le feiceáil i bpunann reatha imscrúduithe coiriúla na hOifige agus tá roinnt cásanna a d'fhéadfaí a tharchur chuig SIP ar siúl faoi láthair. Agus iad i bhfeidhm agus ionduchtaithe go cuí, táthar ag súil go gcuirfidh na hacmhainní breise thuasluaite go mór leis an gcumas a bheidh againn ár gcuid uaillmhianta a bhaint amach ina leith sin.

## Ráitis deiridh

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le mo chuid comhghleacaithe as a dtiomantas agus as a ndíograis leanúnach do chuspóirí na hOifige a bhaint amach. Chonacthas arís eile sa bhliain faoi athbhreithniú go bhfuil mo chuid comhghleacaithe toilteanach le hathrú a chur chun cinn, le fáilte a chur roimh athrú agus le glacadh le freagracht bhreise.

Ba mhaith liom freisin buíochas a chur in iúl don Aire agus dá chuid oifigeach as a dtacaíocht leanúnach. Gan an tacaíocht sin, ní bheifí in ann cead a fháil i gcomhair na n-acmhainní breise tábhachtacha dá dtagraítear thuas.

**Ian Drennan**
*Stiúrthóir*

31 Márta, 2015

5 Pléitear le halt 187 leis na cáilíochtaí a theastaíonn le haghaidh ceapacháin mar iniúchóir

6 Pléitear le halt 242 le faisnéis bhréagach a sholáthar

# SRACFHÉACHAINT



# SRACFHÉACHAINT

## TATHANT

- Eisíodh 2 fhoilseachán treorach agus faisnéise nua
- Soláthraíodh 42 láithreoireacht faisnéise agus freastalaíodh ar 15 thaispeántas

## FORFHEIDHMIÚ

### Foinsí ár gcuid oibre

- Fuarthas breis agus 1,600 tuairisc reachtúil ó leachtaitheoirí, ó iniúchóirí agus ó chomhlachtaí gairmiúla
- Fuarthas breis agus 230 gearán ó bhaill den phobal
- Rinneadh beagnach 50 ionchur go hinmheánach

### Aschur ónár gcuid oibre

- Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar thuairiscí arna gcur faoi bhráid na hOifige ag leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha, rinne an Ard-Chúirt 177 stiúrthóir cuideachtaí a shrianadh agus 16 stiúrthóir cuideachtaí a dhícháiliú
- Coigeartaíodh sáruithe iasachta stiúrthóirí ar fiú €66m iad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na hOifige
- Tarchuireadh 7 gceist ar leith chuig comhlachtaí cuntasóireachta gairmiúla maidir le ceisteanna a bhain lena mbaill
- Aimsíodh comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí i 281 ásc ar leith trí chumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú
- Rinneadh 6 duine aonair a dhícháiliú mar thoradh ar iarratais na hArd-Chúirte arna ndéanamh an Oifig
- Aimsíodh 19 chiontú choiriúla sa Chúirt Dúiche, mar thoradh air fíneála comhiomlán €27,500 a gearradh agus costais de €4,750 dámhadh don Oifig
- Ag teacht le athrú straitéiseach i dtreo casanna indíotailte, triailladh 2 chás i leith sa Chúirt Chuarda Choiriúil. Rinneadh an SIP achomharc rathúil chun an Chúirt Achomhairc Choiriúl ar cheann den na cásanna seo ar fhoras trócaire míchuí.

## IMSCRÚDÚ A BHAINEANN LEIS AN IARBHANC-CHORPARÁID ANGLA-ÉIREANNACH CPT

Tar éis triail 10 seachtaine a bhí ar siúl ó mhí Feabhra go mí Aibreáin 2014:

- Fuarthas an tUasal Pat Whelan ciontach i 10 scór de sháruithe líomhnaithe ar alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963, agus fuarthas neamhchiontach é i 6 scór eile
- Fuarthas an tUasal William McAteer ciontach i 10 scór de sháruithe líomhnaithe ar alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963, agus fuarthas neamhchiontach é i 6 scór eile
- Fuarthas an tUasal Sean FitzPatrick neamhchiontach i ngach ceann de na 16 scór de sháruithe líomhnaithe ar alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963
- Fuarthas an tUasal Pat Whelan neamhchiontach i ngach ceann de na 7 scór de sháruithe líomhnaithe ar alt 243 d'Acht na gCuideachtaí 1990
- Cuireadh 240 uair seirbhís pobail an duine ar an Uasal Whelan agus ar an Uasal McAteer
- Toisc gur ciontaíodh iad ar díotáil i gcion faoi Achtanna na gCuideachtaí, tá an tUasal McAteer agus an tUasal Whelan araon faoi réir Orduithe Dícháilithe ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús dháta an chiontaithe de bhun alt 160(1) d'Acht 1990.

## AIRGEADAS

- Ba é €3m an costas ar an Oifig a rith le linn 2014, arb ionann é agus 64% dá leithdháileadh don bhliain agus laghdú 4% ón bhlian roimhe.

# FORBHREATHNÚ AR OSFC

1



# CAIBIDIL 1
# FORBHREATHNÚ AR OSFC

## Sainordú reachtúil

### Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Rinneadh foráil san Acht um Fhorfheidmiú Dlí Cuideachtaí 2001, ("AFDC"[7]) do chruthú an phoist mar Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("an Stiúrthóir"). Faigheann an Stiúrthóir, a gceapann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ("an tAire") é/í, cúnamh i gcabhair a shainordaithe/sainordaithe reachtúil:

- ó bhaill foirne arna gceapadh ag an Aire; agus
- ó bhaill den Gharda Síochána ar iasacht chun na críche sin.

I dteannta a chéile, comhdhéanann na daoine roimhe seo Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("OSFC")/"an Oifig").

### Príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra

Leagtar príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra amach san AFDC[8]. Áirítear leo:

i. comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh;

ii. áisc de chionta a bhfuiltear in amhras orthu a imscrúdú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

iii. Achtanna na gCuideachtaí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear tríd an ionchúiseamh cionta trí bhíthin imeachtaí achoimre[9];

iv. cásanna a tharchur, faoina rogha, chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ("SIP") i gcás ina bhfuil cúis réasúnta ag an Stiúrthóir le creidiúint go ndearnadh cion indíotáilte[10] faoi Achtanna na gCuideachtaí; agus

v. ról maoirseachta a fheidhmiú, sa mhéid is a mheasann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó cuí, ar ghníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh.

Mar aon leis na feidhmeanna a tugadh dó le dlí na gcuideachtaí, foráiltear le halt 192 den Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015 ("Acht GÉCS") go bhféadfaidh an Stiúrthóir na feidhmeanna a tugadh dó leis an Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní a chomhlíonadh agus aon ghníomhartha nó aon nithe a dhéanamh atá riachtanach nó fóirsteanach agus na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh aige.

### Neamhspleáchas an Stiúrthóra

Déantar foráil san AFDC[11] go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid/cuid feidhmeanna.

## Spriocanna ardleibhéil

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla, faoi mar atá leagtha amach thuas, ba iad spriocanna ardleibhéil OSFC i rith na bliana faoi athbhreithniú ná:

I. Tuiscint níos fearr ar chearta agus dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn;

II. Aghaidh a thabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach sa mhéid go mbaineann sé le dlí na gcuideachtaí; agus

III. Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

7 Alt 7

8 Alt 12(1)

9 Is é sin roimh an gCúirt Dúiche

10 Is éard atá i gcion indíotáilte ná cion is féidir a thriail ar díotáil, is é sin, roimh ghiúiré sa Chúirt Chuarda.

11 Alt 12(2)

Formhínítear mar seo a leanas na straitéisí agus na gníomhaíochtaí ar coinníodh leo agus a rinneadh faoi seach i rith na bliana faoi athbhreithniú chun na spriocanna seo a bhaint amach sa chuid eile den Tuarascáil:

- Caibidil 2 – Tuiscint níos fearr ar chearta agus dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoi dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn
- Caibidil 3 – Aghaidh a thabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach sa mhéid go mbaineann sé le dlí na gcuideachtaí
- Caibidil 4 – Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

# Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre

## Acmhainní daonna

Amhail an 1 Eanáir 2014, bhí líon foirne faofa de 41.9 coibhéis lánaimseartha ("CL") (1 Eanáir, 2013: 45.5). Amhail deireadh na bliana, bhí líon foirne faofa de 40 (31 Nollaig, 2013: 41.9) CL. Leagtar comhdhéanamh líon foirne na hOifige amhail an 31 Nollaig, 2014 amach sa Tábla thíos.

### Tábla 1
### Anailís ar líon foirne iarbhír (CLanna) – amhail an 31 Nollaig, 2014

| Grád | Líon |
|---|---|
| Stiúrthóir | 1 |
| Ceannasaithe Feidhme[12] (ach amháin Garda) | 4 |
| Comhairleoirí Dlí | 2 |
| Cuntasóirí | 1 |
| Aturnaetha | 2 |
| Príomhoifigigh Cúnta | 3 |
| Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin | 7 |
| Oifigigh Feidhmiúcháin | 6 |
| Oifigigh Cléireachais | 7.5[13] |
| **Bleachtaire Gardaí (ar iasacht ó Biuró an Gharda um Imscrúdú Calaoise)** | |
| Cigire Bleachtaireachta (Ceannasaí Feidhme) | 1 |
| Sáirsint Bleachtaireachta | 2 |
| Bleachtaire Gardaí | 2.5 |
| Garda | 1 |
| **Iomlán** | **40** |

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, tugadh cead don Oifig, tar éis di é a iarraidh, seisear cuntasóirí breise agus Ardoifigeach Feidhmiúcháin a bhfuil cumas fóiréinsice TF aige a cheapadh. Ag deireadh na bliana, bhí an Oifig ag obair leis an Roinn d'fhonn na próisis earcaíochta lena mbaineann a chur ar siúl.

## Acmhainní airgeadais

Maoinítear an Oifig trí Vóta (Vóta 32) na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta ("an Roinn"). Leagtar amach sa tábla thíos sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas faoi seach na hOifige do 2014.

12 Comhairleoir Dlí amháin agus Aturnae amháin san áireamh

13 Rúnaí Dlí sealdach san áireamh

## Tábla 2
## Leithdháileadh airgeadais agus caiteachas – 2014

| | Cionroinnt €oooanna | Caiteachas €oooanna | % |
|---|---|---|---|
| Pá | 2,465 | 2,216 | 90 |
| Neamhphá | 2,207 | 796 | 36 |
| Costais Dlí Eiseachtúil | 50 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **4,722** | **3,012** | **64** |


Ba iad seo a leanas na príomhfháthanna a raibh caiteachas iarbhír difriúil leis an leithdháileadh:

- coigiltí ar phá, mar thoradh ar laghduithe foirne ag teacht as folúntais tugadh ar aghaidh ó 2013 agus a tháinig chun cinn i rith na bliana faoi athbhreithniú araon; agus
- níor tháinig costais áirithe dlí a rabhthas ag súil leo aníos i rith na bliana. Baineann na costais sin le dlíthíocht áirithe atá ar siúl le fada agus a bhfuil an Oifig páirteach iontu – dá bhrí sin, ní eol cén uair a thiocfaidh na costais sin chun cinn.

Leagtar amach in Aguisín 1 den Tuarascáil seo anailís níos mionsonraithe ar chaiteachas a tabhaíodh i rith na bliana.

## Struchtúr eagraíochtúil

Agus aird á tabhairt ar phríomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra agus ar na sruthanna oibre lena mbaineann, tá an Oifig struchtúrtha i seacht n-Aonad, agus tagann gach Aonad faoi fhreagracht duine amháin as cúigear Ceann Feidhme. Déantar struchtúr eagrúcháin na hOifige a leagan amach san eagraghram thíos.



## Socruithe rialachais

Déanann Bord Bainistíochta – ina bhfuil an Stiúrthóir agus gach Ceann Feidhme – cíoradh ar saincheisteanna ag a bhfuil ábharthacht ar fud na hOifige. Áirítear feidhmíocht eagrúcháin agus bainistíocht riosca le saincheisteanna a bhfuil an-tábhacht ag baint leo sa chomhtéacs sin.

## Príomhshruthanna oibre

Is amhlaidh nádúr phríomhshruthanna oibre na hOifige go dteastaíonn ó fhormhór díobh cur chuige ildisciplíneach ina bhfuil idirghníomhaíocht leanúnach idir Aonaid agus/nó comhar gníomhach na nAonad d'fhonn cuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

Dá réir sin, is éard atá i gcumarsáid éifeachtach idir Aonaid, agus peirspictíocht ar fud na heagraíochta á glacadh ag gach Aonad agus a chuid feidhmeanna á bhfeidhmiú aige ná imthoisc ratha ríthábhachtach. Dá réir sin, is cur chuige é seo a dhéanann an Bord Bainistíochta a spreagadh agus a éascú.

Déantar príomhshruthanna oibre na hOifige a leagan amach sa Tábla thíos, i dteannta sonraí maidir leis an áit sa Tuarascáil seo ina bpléitear go príomha le gach sruth oibre.

### Tábla 3
### Príomhshruthanna oibre

| Sruth oibre | Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha | Caibidil |
|---|---|---|
| Comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh | Sa chéad ásc, is ar an Aonad Tathanta atá freagracht as comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí. Mar sin féin, déanann an tAonad Tathanta teagmháil le hAonaid eile lena mbaineann d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí ar fiú tionscnaimh dhírithe tathanta iad a shainaithint. | 2 |
| Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant | Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí OSFC d'aonad amháin nó níos mó ná aonad amháin. I gcoitinne, áfach, déanfar forbairt na n-aighneachtaí a chomhordú tríd an Aonad Tathanta. | 2 |
| Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar thuairiscí leachtaitheoirí | Déanann an tAonad Dócmhainneachta tuairiscí leachtaitheoirí a phróiseáil. Déanann Cás-Oifigigh, a oibríonn den chuid is mó san Aonad Dócmhainneachta agus san Aonad Fhorfheidhmithe faoi seach, cinntí ar thuairiscí aonair. | 3 |
| Scrúdú gearán agus tuairiscí reachtúla | Tá freagracht ar an fheidhm Forfheidhmiú as gearáin agus tuairiscí reachtúla (ar nós tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó iniúchóirí, mar shampla) a scrúdú. Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thagann aníos, féadfaidh an fheidhm Forfheidhmiú:<br>• aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna é féin, m.sh. trí bhíthin coigeartú/leasú deonach nó trí chumhachtaí áirithe de chuid chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra á n-úsáid;<br>• an cheist a ainmniú a bheith le tuilleadh imscrúdaithe;<br>• an cheist a tharchur chuig an Aonad Dócmhainneachta, m.sh., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna i gceist le cuideachta dhócmhainneach atá faoi leachtú;<br>• tar éis comhairliúchán leis an Stiúrthóir, an cheist a tharchur chuig an Aonad Tionscadal Spesialta;<br>• an cheist a tharchur chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile. | 3 |

| Sruth oibre | Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha | Caibidil |
|---|---|---|
| Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta | Den chuid is mó, déanann an tAonad Forfheidhmithe, i gcomhar le hAonad an Aturnae Phríomha, dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta a bhainistiú.<br><br>Comhbhainistíonn an tAonad Dócmhainneachta agus Aonad an Aturnae Phríomha dlíthíocht shibhialta, ar nós dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh as an gClár le linn dóibh fiachais neamhscaoilte a bheith acu a iarraidh. | 3 |
| Imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh | Déanann an tAonad Forfheidhmithe – nó in imthosca áirithe an Aonad Tionscadal Spesialta – i gcomhar le hAonad an Gharda Síochána, imscrúdú ar sháruithe coiriúla féideartha Achtanna na gCuideachtaí.<br><br>A luaithe is a dhéantar cinneadh chun tús a chur le himeachtaí coiriúla achoimre, éiríonn an t-ionchúiseamh ina ionchúiseamh comhoibrithe idir an tAonad Forfheidhmithe, Aonad an Gharda Síochána agus Aonad an Aturnae Phríomha. Tarraingíonn isteach fiosruithe in atáthar ag brath a dhéanamh ionchúiseamh ar díotáil comhoibriú idir an tAonad Forfheidhmithe, nó an tAonad Tionscadal Spesialta mar atá infheidhme, agus Aonad an Gharda Síochána agus an tAonad Aturnaetha.<br><br>I gcásanna ina ndéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, tar éis dó/di athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe faoi mar a bhí sé curtha ag an Oifig, cinneadh chun ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, bíonn freagracht ar an Aonad Forfheidhmithe – nó an tAonad Tionscadal Spesialta mar atá infheidhme – agus Aonad an Gharda Síochána go príomha as tacaíocht ina dhiaidh sin a chur ar fáil d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (mar shampla, maidir le nochtadh leis an gcosaint). | 3 |
| Maoirseacht ar iompar leachtaitheoirí | Is éard atá i ngníomhaíochtaí a dhéantar chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (ar nós, mar shampla, léiriú leabhar agus taifead leachtaitheoirí a iarraidh) ná iarracht chomhoibríoch idir an tAonad Dócmhainneachta agus an tAonad Forfheidhmithe. I gcásanna ina dtagann an gá le dul i mbun dlíthíochta as na gníomhaíochtaí sin, glacann an tAonad Aturnaetha páirt. | 3 |
| Soláthar seirbhísí tacaíochta | Is é an tAonad Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar.<br><br>Tá freagracht ar gach Aonad as cabhrú leis an Aonad Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibleagáidí OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí (m.sh. i réimsí an tsoláthair, na nósanna imeachta imréitigh cánach, srl.). | 4 |
| Bainistíocht agus forbairt caidrimh | Cé go mbeidh méid níos mó idirphlé le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ag Aonaid áirithe ná a bheidh ag aonaid eile, de bhrí chineál a n-oibríochtaí príomha, is amhlaidh nádúr idirnasctha na heagraíochta go bhfuil ról ag gach Aonad i mbainistíocht agus i bhforbairt caidrimh leanúnach. | 2 |

# TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN

2



# CAIBIDIL 2
# TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN

## Intreoir

Soláthraítear sa Chaibidil seo sonraí faoi na príomhstraitéisí arna saothrú agus faoi na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig i rith na bliana faoi athbhreithniú ar mhaithe leis an sprioc sonraithe thuas a chur chun cinn. Mar achoimre, áiríodh na nithe seo a leanas leis na straitéisí agus na gníomhaíochtaí sin:

- rinneadh foilseacháin agus ábhar treorach eile a fhorbairt agus a fhógairt;
- chuathas i mbun raon gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear soláthar láithreoireachtaí, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais agus déileáil le fiosruithe ginearálta faoi dhlí na gcuideachtaí ó bhaill den phobal;
- tathantaíodh feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais; agus
- rinneadh caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt.

## Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana

### Foilseacháin

I dteannta lena fhoilseacháin chorparáideacha, déanann an Oifig faisnéis agus treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú ó am go chéile ar mhaithe le páirtithe leasmhara. De ghnáth, tarlaíonn foilsiú an ábhair sin mar thoradh ar an achtú píosa nua reachtaíochta nó mar fhreagairt do shaincheisteanna arna sainaithint trí ghnéithe eile d'obair na hOifige (m.sh. ar ghnéithe de dhlí na gcuideachtaí is dealraitheach a bheith mar chúis le leibhéil shuntasacha neamhchomhlíonta). I rith na bliana, d'eisigh an Oifig 2 fhoilseachán nua (2013: 6). Leagtar sonraí faoi na foilseacháin sin amach sa Tábla thíos.

### Tábla 4
### Foilseacháin a eisíodh – 2014[14]

| Dáta a Eisíodh | Foilseacháin |
|---|---|
| Eanáir 2014 | Liosta cuideachtaí dócmhainneacha agus leachtaitheóiri thuairiscithe maidir leo a shainaithin an OSFC ceanglas Tuairisc faoi alt 56 i 2013 |
| Eanáir 2014 | Acht na gCuideachtaí (Forála Ilghnéitheacha) 2013 – Fógra Eolais |

In Eanair 2014, d'fhoilsigh an Oifig liosta de chuideachtaí dócmhainneacha agus na leachtaitheoirí tuairiscithe ar shainaithin an OSFC an gá le Tuairisc alt 56 a chur i dtoll a chéile ina leith in 2013. Is é cuspóir an liosta seo a chur ar chumas páirtithe ar spéis leo aon cheisteanna buartha, a bhaineann le cuideachta dhócmhainneacha faoi leachtú a thabhairt chun airde an leachtaitheora agus/nó an OSFC ionas go gcuirfí aon chinn de na buarthaí sin san áireamh nuair a bheadh socrú á dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart iarratas a dhéanamh stiúrthóirí na cuideachta a shrianadh roimh an Ard-Chúirt. Leagtar amach tuilleadh mionsonraí maidir le próiseas alt 56 i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo.

Ó thráth go chéile, foilsíonn an Oifig Fógraí Eolais, mar shampla, ar reachtaíocht a achtaíodh le déanaí ar mhaithe le páirtithe leasmhara. Sa chomhthéacs sin, d'fhoilsigh an Oifig cáipéis amháin den sórt sin i rith na bliana – ar ábhar Acht na gCuideachtaí (Forála Ilghnéitheacha) 2013[15].

14 Tá na foilseacháin go léir ar fáil ag www.osfc.ie
15 Uimhir 46 de 2013

De bhreis ar an méid roimhe seo, d'eisigh an Oifig corradh le 22,000 cóip dá foilseacháin éagsúla i rith 2014. Go háirithe, bhí an-mheas ar Leabhair Eolais nuashonraithe na hOifige, agus ar shraith mhéadaithe na hOifige de Threoracha Tapa freisin. Trí chomhaontú leis an Oifig, thug an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ("OCC") tuairim is leathchuid de na cáipéisí seo do dhaoine a bhí i mbun cuideachta nua a chlárú[16]. Rinneadh an chuid eile a eisiúint go príomha mar fhreagairt d'éileamh poiblí, bíodh sé ag imeachtaí, taispeántais nó láithreoireachtaí nó mar go raibh daoine ag dul i dteagmháil leis an Oifig go díreach.

Le linn na bliana 2014, thosaigh an Oifig ag obair ar a sraith Leabhar Faisnéise a athdhréachtú chun achtú Acht na gCuideachtaí, mar a bhíothas ag súil leis ag an am, a léiriú. Tá sé i gceist go mbeidh Leabhair Faisnéise athbhreithnithe ar fáil chun leas páirtithe leasmhara roimh thosach feidhme an Achta an 1 Meitheamh 2015.

### Seimineáir agus taispeántais

Gné thábhachtach de straitéis tathanta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Is éard atá i gceist anseo, i measc nithe eile, ná an soláthar láithreoireachtaí agus óráidí do ghrúpaí páirtithe leasmhara, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí ar dóigh dóibh gné amháin nó níos mó ná gné amháin de spriocphobal na hOifige a chur san áireamh. Shainaithin an Oifig sainghrúpaí áirithe a bheith i measc a spriocphobail, lena n-áirítear:

- daoine atá breithniú á dhéanamh acu ar chorprú nó a chorpraigh gnóthais le déanaí;
- gairmithe i mbun comhairle a chur ar fáil do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachta atá in ann an teachtaireacht chomhlíonta a chur in iúl do chliaint agus, tríd sin, clúdach na hOifige a leathnú go mór;
- mic léinn atá cláraithe faoi láthair i gcláir ghnó ag leibhéal fochéimithe nó iarchéimithe, a n-éireoidh formhór díobh ina stiúrthóirí cuideachtaí nó ina gcomhairleoirí gairmiúla sa deireadh; agus
- an earnáil pobail agus an earnáil dheonach, ina mbíonn easpa eolais ar dhlí na gcuideachtaí óna nádúr de ghnáth agus, dá bhrí sin, a bhaineann leas as treoir de ghnáth.

I rith na bliana, sholáthair foireann na hOifige 42 láithreoireacht (2013: 60) do lucht éisteachta de thart ar 2,500 duine san iomlán. I rith na bliana, rinneadh ionadaíocht don Oifig ag 15 thaispeántas agus imeacht (2013: 16), a cuimsíodh rannpháirtíocht leanúnach sa sraith an-rathúil "Ag Tabhairt Aire do Ghnó". Déantar sonraí faoi na láithreoireachtaí a soláthraíodh agus faoi na taispeántais ar freastalaíodh orthu faoi seach i rith na bliana a leagan amach in Aguisín 2 leis an Tuarascáil seo.

## Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant

Mar gheall ar a sainordú um chomhlíonadh a chur chun cinn agus um neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú, tá an Oifig in ann peirspictíocht eolasach a chur ar fáil maidir le plé agus díospóireachtaí beartais a tharlaíonn ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE i ndáil le dlí na gcuideachtaí agus le topaicí lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, rinne an Oifig aighneachtaí mar fhreagairt do roinnt tograí beartais i rith na bliana. Leagtar tuilleadh sonraí amach thíos.

### Acht na gCuideachtaí

Le linn na bliana, lean an Oifig de bheith ag cabhrú leis an Roinn an Bille (arb é an príomhchuspóir atá leis corp reatha dhlí na gcuideachtaí – atá le fáil faoi láthair i 16 Acht de chuid an Oireachtais[17] agus i roinnt Ionstraimí Reachtúla agus Rialachán – a chomhdhlúthú in áit amháin) a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas reachtach. Is é atá in Acht na gCuideachtaí[18], freisin, a síníodh mar dhlí an 23 Nollaig 2014, roinnt leasuithe ar dhlí na gcuideachtaí agus roinnt breiseanna leis. Pléitear níos mine le roinnt díobh sin in áit eile sa Tuarascáil seo.

16 De ghnáth, eisíonn an CRO Treoir Thapa OSFC faoi stiúrthóirí cuideachta mar chuid dá paca mar a thugtar do chuideachtaí nua-chorpraithe.

17 Téarma comhchoiteann ar Thithe Uachtaracha agus Íochtaracha na Parlaiminte

18 Uimhir 38 de 2014

### Reachtaíocht maidir le GÉCS

Eintitis shainchuspóireacha airgeadais is ea Gléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní ("GÉCSanna"). Cé nach cuideachtaí iad, tá roinnt saintréithe cuideachta acu. De bhun Cinnidh ón Rialtas gur cheart do OSFC ról a bheith aici i GÉCSanna a rialáil, lean an Oifig de bheith ag obair go fairsing le linn na bliana faoi athbhreithniú leis an Roinn agus leis an Roinn Airgeadais faoi seach ar thabhairt isteach bheartaithe GÉCSanna faoi reachtaíocht na hÉireann agus, go háirithe, ar láidreacht an chreata rialála bheartaithe a mbeadh feidhm aige maidir le heintitis den sórt sin ó tharla gur ar an mBanc Ceannais atá príomhfhreagracht as na heintitis sin a rialáil.

### Gníomhaíochta eile tathanta

Mar aon leis an méid roimhe seo, chuir an Oifig leis an aighneacht ón Roinn Airgeadais i dtaca leis an Tuarascáil "Doing Business" ar Éirinn ón mBanc Domhanda agus d'fhreagair sí don phléipháipéar ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar chumhacht coinneála chomhdhlúite aonair a thabhairt do bhaill den Gharda Síochána.

## Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt

Ar mhaithe lena cuspóirí reachtúla agus lena spriocanna gaolmhara a chur chun cinn, féachann an Oifig le caidrimh láidre agus éifeachtacha a choinneáil le raon príomhpháirtithe leasmhara. De bhreis ar an bpobal i gcoitinne, áirítear le príomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas, an tAire, an Roinn, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla do chuideachtaí agus do stiúrthóirí cuideachtaí agus d'oifigigh chuideachtaí. Déantar idirghníomhaíochtaí na hOifige le príomhpháirtithe leasmhara áirithe i rith na bliana a achoimriú thíos.

### Comhaltaí den Oireachtas

Faigheann an Oifig seo teachtaireachtaí ó chomhaltaí den Oireachtas ó am go chéile. De ghnáth, is éard atá sna teachtaireachtaí seo léiriú ar bhuairt faoi cé acu atá Achtanna na gCuideachtaí á sárú ag páirtithe ar leith nó nach bhfuil nó baineann siad le cásanna faoi athbhreithniú. Cé go bhfuil an Oifig an-srianta maidir leis an bpointe ar ar féidir léi freagairt do na teachtaireachtaí sin de bhua a hoibleagáidí rúndachta reachtúla, déanann sí a dícheall cibé cúnamh is féidir léi a chur ar fáil do Theachtaí[19] agus do Sheanadóirí[20].

### An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Lean an Oifig uirthi teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe sa Roinn ar fud na bliana ar chúrsaí leasa choitinn. Rinneadh ionadaíocht don Oifig ag cruinnithe bainistíochta na Roinne agus, lasmuigh de na struchtúir fhoirmiúla sin, déantar teagmháil rialta de réir mar is gá.

### OCC (an Oifig um Chlárú Cuideachtaí)

Toisc gurb ise an stór poiblí faisnéise faoi chuideachtaí agus faoi oifigigh chuideachtaí, imríonn an OCC ról ríthábhachtach i dtacú leis an Oifig ina cuid oibre. De bhreis ar a teacht le chéile ar chúrsaí leasa choitinn, cuireann foireann an OCC fianaise ar fáil ar bhonn rialta d'imeachtaí OSFC agus, nuair a shainaithnítear iad, ar sháruithe *prima facie* Achtanna na gCuideachtaí.

### Biúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise ("BGIC")

Dá dtagraítear i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear le líon foirne na hOifige roinnt Gardaí. Tá na Gardaí sin ar iasacht ó BGIC. Tá dlúthchaidreamh na hOifige leis an nGarda Síochána, agus le BGIC go háirithe, ríthábhachtach ina hobair forfheidhmithe choiriúil. Sa chomhthéacs sin, buaileann an Oifig le bainisteoireacht BGIC ar bhonn rialta maidir le cúrsaí leasa choitinn.

19 Comhaltaí de Theach Íochtarach na Parlaiminte
20 Comhaltaí de Theach Uachtarach na Parlaiminte

## Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ("ÚMICÉ")

De réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003, ("Acht 2003"), is ball de ÚMICÉ é an Stiúrthóir agus tá an ceart aige/aici chun ball a ainmniú chuig a Bhord Stiúrthóirí. Tá an tUasal Conor O'Mahony, Ceann Seirbhísí Dócmhainneachta agus Seirbhísí Corparáideacha, sa chomhthéacs sin, ina bhall de mBord na stiúrthóirí ag ÚMICÉ.

D'fhreastail an t-ainmní ó OSFC ar 8 gcinn de na 9 gcruinniú Boird a raibh sé i dteideal freastal orthu, mar aon le 3 chruinniú de chuid Choiste Iniúchóireachta an Bhoird dá bhfuil sé ina chomhalta freisin. Beidh Tuarascáil Bhliantúil Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) don bhliain 2014 ar fáil ar a shuíomh Gréasáin[21] a luaithe a bheidh sí leagtha faoi bhráid an Oireachtais ag an Aire.

De bhreis ar an gcaidreamh reachtúil mar atá leagtha amach thuas, rinne an Oifig teagmháil rialta le ÚMICÉ i rith na bliana maidir le cúrsaí leasa choitinn.

## An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta ("GADC")

Is comhlacht comhairleach bunaithe go reachtúil don Aire ar chúrsaí a bhaineann le dlí cuideachta é an GADC. Tá an Stiúrthóir ina bhall den GADC agus déantar ionadaíocht don Oifig ag cruinnithe iomlánacha agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram. I rith na bliana, lean an GADC leis a obair ar a chlár oibre do 2012-2014[22]. Rannchuidigh an Oifig leis na saincheisteanna seo a leanas, i measc nithe eile, mar a bhí breithnithe ag an GADC:

### Ionadaíocht a dhéanamh do chuideachta os comhair na gCúirteanna

Lean an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta (GADC) ar aghaidh leis an ábhar seo a athbhreithniú le linn na bliana faoi athbhreithniú agus, ag deireadh na bliana, bhí a chuid pléití ina leith sin fós ar siúl.

### Athbhreithniú ar fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí

Chuir GADC tús le scrúdú a dhéanamh ar an ábhar seo le linn na bliana faoi athbhreithniú agus, ag deireadh na bliana, bhí a chuid pléití fós ar siúl.

## An Banc Ceannais

Tá Meabhrán Tuisceana i bhfeidhm idir OSFC agus an Banc Ceannais. Bunaithe ar a reachtaíocht forais, ligeann sé don dá chomhlacht faisnéis a tharchur chuig an gcomhlacht eile i gcás ina bhfuil siad sásta go mbaineann an fhaisnéis sin le sainchúram an chomhlachta eile.

## Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Is comhpháirtí tábhachtach don Oifig iad na Coimisinéirí Ioncaim a cuid oibre a chur chun cinn, go háirithe i ndáil le cúrsaí a bhaineann le dócmhainneacht. Sa chomhthéacs sin, tháinig an dá chomhlacht le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana. Ina theannta sin, chomhroinn an dá chomhlacht faisnéis maidir le 29 gcúrsa ar leith (2013:24).

## Gairm na Cuntasóireachta

Imríonn gairm na cuntasóireachta ról tábhachtach i gcabhrú le hobair na hOifige, tríd an oibleagáid tuairiscithe éigeantaigh ar iniúchóirí cionta indíotáilte a bhfuiltear in amhras orthu a thuairisciú faoi Achtanna na gCuideachtaí agus tríd an tacaíocht níos leithne do theachtaireacht chomhlíonta na hOifige a fhéadann a bhaill a sholáthar dá gcliaint. Mar sin de, féachann an Oifig le hoibriú go dlúth leis na comhlachtaí cuntasóireachta chun tacú leo a chinntiú go dtugtar eolas iomlán dá mbaill faoina n-oibleagáidí tuairiscithe éigeantaigh agus insint dóibh faoin gcúnamh a fhéadann an Oifig a sholáthar do dóibh siúd dá gcuid ball cliant atá i bpost mar stiúrthóirí cuideachtaí agus d'oifigigh chuideachtaí.

Thionóil ionadaithe na hOifige 2 chruinniú fhoirmiúla le baill shinsearacha de bhainisteoireacht na gcomhlachtaí cuntasóireachta i rith na bliana.

21 www.iaasa.ie

22 Tá Tuarascálacha Bliantúla GADC ar fáil ag www.clrg.org

## Stocmhalartán na hÉireann

Thionóil an Oifig cruinniú foirmiúil amháin le baill shinsearacha de Stocmhalartán na hÉireann i rith 2014 ar ábhair chomhleasa.

## Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta ("CIRD")

Is comhlacht idirnáisiúnta é CIRD a thugann le chéile na heispéiris agus an saineolas atá ag rialtóirí náisiúnta dócmhainneachta ó 26 dlínse ar fud an domhain. Is fóram luachmhar é CIRD, a bhfuil an Oifig ina ball de ón mbliain 2003, le haghaidh teagmháil agus comhar idir a chuid ball a chur chun cinn agus le haghaidh faisnéis maidir le réimsí leasa choitinn agus dea-chleachtais a chomhroinnt.

## Páirtithe leasmhara eile

De bhreis ar na grúpaí páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas, rinne an Oifig bualadh le/oibriú le raon grúpaí páirtithe leasmhara agus páirtithe leasmhara eile i rith 2014, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Pobal.

## Na meáin

Déileálann an Oifig leis na céadta ceist meán sa bhliain de ghnáth. Cé go bhfuil an Oifig aireach ar an ról tábhachtach a fhéadann na meáin a imirt in eolas a thabhairt don díospóireacht ar shaincheisteanna dlí cuideachta, comhlíonta agus rialachais i gcoitinne, agus go ndéanann sí a dícheall, nuair is féidir, cabhrú leis na meáin trí dhéileáil le ceisteanna ginearálta, ní mór di a bheith an-chúramach agus í a dhéanamh. Cuirtear cosc ar an Oifig, faoi reachtaíocht rialaithe, aon ráiteas poiblí a dhéanamh maidir leis an déanamh imscrúduithe, seachas i ndáil le faisnéis a chuaigh san fhearann poiblí cheana. Ina theannta sin, tá an Oifig aireach ar na cearta atá ag daoine aonair agus ag daoine eile atá ag teacht os comhair na gCúirteanna, agus, dá bhrí sin, ní eisíonn sí tuairiscí ar dhul chun cinn ná aon fhaisnéis eile faoina gníomhaíocht forfheidhmithe i gcás ina bhféadfadh sí dochar a dhéanamh d'aon ghníomhaíochtaí dlí amach anseo.

Nuair is cuí, cuireann baill foirne na hOifige ailt leis na meáin agus le foilseacháin iomchuí. Cuireadh alt den chineál sin le Gnóthaí Poiblí Éireann le linn na bliana 2014, rud a bhain le dualgais stiúrthóirí i gcás eagraíochtaí a mhaoinítear go poiblí.

3

# AGHAIDH A THABHAIRT AR IOMPAR NEAMH-DHLEATHACH AGUS NEAMH-FHREAGRACH SA MHÉID GO MBAINEANN SÉ LE DLÍ CUIDEACHTA



# CAIBIDIL 3
# AGHAIDH A THABHAIRT AR IOMPAR NEAMHDHLEATHACH AGUS NEAMHFHREAGRACH SA MHÉID GO MBAINEANN SÉ LE DLÍ CUIDEACHTA

## Struchtúr na Caibidle seo

Is struchtúraithe ar bhealach trínar féidir na trí Chuid seo a leanas, is iad sin ionchuir, tréchuir agus aschuir na hOifige faoi seach, atá an Chaibidil seo.

# CUID A: IONCHUIR

## IONCHUIR SHEACHTRACHA

Stiúrtar gníomhaíochtaí na hOifige agus aghaidh á tabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach go pointe an-suntasach, ar bhealach díreach agus indíreach araon, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Seo feidhm den chaoi:

- go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe reachtúla don Oifig ag roinnt páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúchóirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a dhéanann foráil don tarchur faisnéise, faisnéis a bheadh rúnda ar shlí eile, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmithe i gcás ina meastar an fhaisnéis sin a bheith bainteach le feidhmeanna na n-aonán eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal sa bhliain.

Sa chomhthéacs sin, ba mar seo a leanas a bhí na hionchuir phríomha a fuarthas ó fhoinsí seachtracha i rith na bliana:

### Tábla 5
### Ionchuir ó fhoinsí seachtracha

| | | 2014 | % | | 2013 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tuairiscí reachtúla** | | | | | | |
| Tuairiscí tosaigh ó leachtaitheoirí faoi alt 56 | 973 | | | 1,226 | | |
| Tuairiscí iardain ó leachtaitheoirí faoi alt 56 | 539 | | | 577 | | |
| Iomlán tuairiscí ó leachtaitheoirí faoi alt 56 | | 1,512 | 78.9 | | 1,803 | 78.2 |
| Tuairiscí ó leachtaitheoirí ar coiriúileacht féideartha | | 0 | 0 | | 10 | 0.4 |
| Tuairiscí indíotáilte ó iniúchóirí | | 121 | 6.3 | | 203 | 8.8 |
| Tuairiscí indíotáilte ó Chomhlachais Ghairmiúla | | 2 | 0 | | 0 | 0 |
| **Tarchuir** | | | | | | |
| Tarchuir ó pháirtithe seachtracha | | 43 | 2 | | 38 | 1.7 |
| **Gearáin** | | | | | | |
| Gearáin ó bhaill den phobal | | 236 | 12.8 | | 252 | 10.9 |
| **Líon iomlán ionchuir ó fhoinsí seachtracha** | | **1,914** | **100** | | **2,306** | **100** |

Formhínítear thíos na príomhfhoinsí seachtracha ionchur a stiúir gníomhaíochtaí na hOifige sa bhliain faoi athbhreithniú.

# Tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí

## Intreoir – forbhreathnú ar an gcóras tuairiscithe leachtaitheora

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5 thuas, tá tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí ina gcúis le beagán faoi bhun 79% de na hionchuir sheachtracha go léir a fuair an Oifig i rith 2014 (2013: 78%). Mar achoimre, ceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá dócmhainneach[23], de réir an dlí[24], tuairisciú don Oifig faoi na cúinsí as ar eascair fhorléasadh na cuideachta agus faoi iompar aon duine a bhí mar stiúrthóir den chuideachta sa dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir freisin tús a chur le hiarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt le haghaidh gach duine de na stiúrthóirí a shrianadh[25], murar bhain an Oifig an oibleagáid sin as/aisti.[26]

Is iad na haidhmeanna éigeantacha atá ag baint leis an gcóras tuairiscithe reachtúil seo ná:

- cosaint áirithe a thabhairt don bhall trí chinntiú a dhéanamh nach bhféadfaidh daoine a cinneadh nár ghníomhaíodar go hionraic agus/nó go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach, i ndáil leis an tréimhse éigeantach srianta 5 bliana, gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí eile a chomhlíonann íosriachtanais chaipitlithe; agus
- a chinntiú go bhféadann daoine a cinneadh gur ghníomhaíodar go hionraic agus go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach leanúint orthu dul i mbun gníomhaíocht fiontraíochta trí mheán cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan smachtbhanna ná pionós.

Ina ról a chomhlíonadh, tá an Oifig ag súil go soláthróidh leachtaitheoirí an fhaisnéis ar fad a bhaineann le déanamh an chinnidh iomchuí. Tugann sí spreagadh do leachtaitheoirí freisin moladh oiriúnach ar fhaoiseamh a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a n-imscrúduithe.

Déanann an Oifig breithniú ar fhaoiseamh a dheonú i gcás ina gcuireann leachtaitheoir fírinniú bunaithe ar fhianaise ar aghaidh mar thaca le maíomh gur ghníomhaigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachtaí á ndéanamh aige/aici. Agus a cinntí á déanamh aici, is mian leis an Oifig a chinntiú nach mbeidh an t-ualach d'éisteacht Ard-Chúirte ar aon stiúrthóir gan ghá i gcás inar thaispeáin sé nó sí iompar iontaofa agus freagrach go soiléir agus gnóthaí an ghnóthais ar theip air á ndéanamh aige/aici. Dáiríre, gníomhaíonn an Oifig mar scagaire chun an gá le breithniú na hArd-Chúirte ar na cásanna ar cosúil nach fiú a haird iad a bhaint.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach gciallaíonn cinntí OSFC 'gan faoiseamh' nó 'faoiseamh páirteach' gur aimsíodh mí-ionracas nó neamhfhreagracht i leith na stiúrthóirí lena mbaineann, agus bheadh sé iomchuí dá mbainfí an tátal nó an líomhain sin as. Is faoin Ard-Chúirt amháin (tar éis di éisteacht le haighneachtaí an leachtaitheora agus na stiúrthóirí faoi seach) a chinneadh cé acu ar cheart, nó nár cheart, fógra srianta a dhéanamh i leith stiúrthóir cuideachta ar leith.

## Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Cé gur tháinig laghdú ar líon na dteipeanna cuideachta, bhí sé fós ag leibhéal réasúnta ard le linn na bliana 2014. Mar is féidir a fheiceáil sa Tábla thíos:

- le linn na bliana, bhí leachtuithe dócmhainneacha (is iad sin, leachtuithe creidiúnaithe agus Cúirte le chéile) freagrach as 50% de na leachtuithe go léir (2013: 57%);
- tar éis na tréimhse trí bliana ó 2010 go 2012, tréimhse a raibh níos mó ná 1,300 leachtú dócmhainneach ann gach bliain lena linn, bhí an bhliain 2014 ar an dara bliain as a chéile ina raibh an líon inchomparáide ní ba ghaire do 1,000 leachtú dócmhainneach gach bliain; agus
- bhí méadú 18% ann ar líon na leachtuithe sócmhainneacha (is iad sin, leachtuithe ball) le linn na bliana 2014 (2013: laghdú 8%), agus é ag méadú ó 848 ceann go 1,001 ceann.

23 Tá cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sé ábalta a cuid fiachas a íoc de réir mar atá siad dlite

24 Alt 56 den AFDC

25 I gcás ina bhfuil duine aonair srianta faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí 1990, ní fhéadfaidh sé/sí gníomhú mar stiúrthóir cuideachta nó mar rúnaí cuideachta ach ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin, ar choinníoll go gcomhlíonann an chuideachta lena mbaineann íosriachtanais chaipitlithe áirithe. I gcás cuideachta phríobháideach, tá íos-scairchaipiteal glaoite de €63,487 ag teastáil. I gcás cuideachta phoiblí theoranta, is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach.

26 Leagtar próiseas agus scóip an tuairiscithe leachtaitheora amach i dtrí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna bhforlíonadh ag Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Eolais I/2009/1. Tá na cáipéisí sin ar fáil ag www.osfc.ie

## Tábla 6
## Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2010-2014

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| Leachtuithe creidiúnaithe | 1,258 | 1,311 | 1,210 | 1,043 | 929 |
| Leachtuithe Cúirte | 128 | 99 | 107 | 76 | 78 |
| **Iomlán leachtuithe dócmhannacha** | 1,386 | 1,410 | 1,317 | 1,119 | 1,007 |
| | | | | | |
| Leachtuithe Ball | 899 | 1,054 | 919 | 848 | 1,001 |
| **Iomlán leachtuithe sócmhannacha**[27] | 899 | 1,054 | 919 | 848 | 1,001 |
| | | | | | |
| **Leachtuithe iomlán** | **2,285** | **2,464** | **2,236** | **1,967** | **2,008** |

## Tuairiscí leachtaitheoirí a fuarthas – 2014

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5 thuas, fuarthas 1,512 tuairisc leachtaitheoirí san iomlán i rith na bliana (2013: 1,803), dá raibh:

- 973 ina dtuairiscí tosaigh[28] (2013: 1,226); agus
- 539 ina dtuairiscí iardain19 (2013: 577).

Is deas linn an laghdú 10% i líon na leachtuithe dócmhainneacha i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013. Bunaithe ar a dtugtar le tuiscint faoi láthair, meastar go mbeidh laghdú eile 10% ann i gcaitheamh na bliana 2015.

Sa Tábla thíos, soláthraítear sonraí maidir leis an leithdháileadh earnála cuideachtaí a bhfuarthas tuairiscí tosaigh leachtaitheoirí ina leith i rith na bliana.

## Tábla 7
## Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh alt 56 na leachtaitheoirí a fuarthas – 2014

| Earnáil | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | | % | | % |
| Mórdhíol & miondíol | 222 | 23 | 271 | 22 |
| Foirgníocht | 167 | 17 | 236 | 19 |
| Déantúsaíocht & priontáil | 121 | 12 | 159 | 13 |
| Óstáin, barrana & lónadóireacht | 105 | 11 | 117 | 10 |
| Gnóthas pobail, sósialta & eile | 93 | 10 | 103 | 9 |
| Margaíodh & bolscaireacht | 80 | 8 | 89 | 7 |
| Éastát réadach & ligean ar cíos | 60 | 6 | 99 | 8 |
| Iompar & dailiúcháin | 47 | 5 | 44 | 4 |
| Teicnólaíocht & teileachumarsáid | 34 | 4 | 51 | 4 |
| Airgeadais & léasú | 20 | 2 | 27 | 2 |
| Earcaíocht & seirbhísí slándála | 13 | 1 | 13 | 1 |
| Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara | 11 | 1 | 17 | 1 |
| **Iomlán** | **973** | **100** | **1,226** | **100** |

27 Cé nach bhfuil ról ar bith ag an Oifig maidir le leachtuithe sócmhainnigh (is é sin leachtuithe ball), áirítear sonraí díobh ar mhaithe comhláine.

28 Is éard atá i gceist i dtuairisc thosaigh ná an chéad tuairisc a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de 6 mhí tar éis a cheaptha/ceaptha. I bhformhór na gcásanna, bíonn an cinneadh ar cé acu a dheonaítear faoiseamh nó nach ndeonaítear bunaithe ar an tuairisc seo. I gcásanna áirithe, áfach, ceanglaítear ar an leachtaitheoir tuairisc iardain a chur isteach tar éis dó/di tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar a (h)imscrúduithe. I gcásanna ina meastar tuairisc iardain a bheith riachtanach, deonaítear 'faoiseamh ag an am seo' i ndáil leis an tuairisc thosaigh de ghnáth.

### Tráthúlacht thuairisciú na leachtaitheoirí

I rith na bliana, d'eisigh an Oifig 277 fógra (2013: 224) do 124 leachtaitheoir ar leith inar cuireadh in iúl dóibh go raibh a n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla á mainneachtain acu. Réitíodh cuid mhór de na mainneachtainí sin go pras mar thoradh ar an ngníomh seo agus, mar thoradh ar sin, fuarthas 96% de na chéad tuairiscithe a bhí dlite i rith na bliana faoi dheireadh na bliana (2013: 97%).

Mar sin féin, bíonn ag teip arís agus arís eile ar líon beag leachtaitheoirí a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Is sainréimse fócais don Oifig iad na cásanna sin agus d'fhéadfadh gníomhaíocht forfheidhmithe iomchuí suas go dtí ionchúiseamh coiriúil, agus é san áireamh, teacht as sáruithe seasmhacha den sórt sin ar oibleagáidí reachtúla.

### Caighdeán thuairisciú na leachtaitheoirí

Measadh caighdeán thuairiscí na leachtaitheoirí a fuarthas i rith na bliana a bheith sásúil den chuid is mó. In áisc áirithe, áfach, ní raibh caighdeán an tuairiscithe ar an gcaighdeán a bhí ag teastáil. Thabharfadh tásca le tuiscint go gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh in imthosca rannpháirteacha ina leith sin:

- méid na dtascanna dócmhainneachta a dtugann roinnt gnólachtaí aghaidh orthu; agus
- mar thoradh ar iontrálaithe nua ag teacht isteach sa mhargadh, easpa coibhneasta taithí in obair a bhaineann le dócmhainneachta. Sa chomthéacs sin, soláthraíonn Tábla 8 thíos anailís ar próifíl na leachtaitheoirí a tugann faoi obair coinní dócmhainneachta thar an tréimhse 2010 to 2014.

Mar gheall ar na saincheisteanna roimhe seo, bhí gá le leibhéal ard teagmhála le leachtaitheoirí lena mbaineann chun críche riachtanais na hOifige a shonrú agus gnéithe de thuairiscí a cuireadh isteach a shoiléiriú. I gcásanna áirithe, measadh a bheith riachtanach iarraidh ar leachtaitheoirí aonair teacht chuig an Oifig chun plé a dhéanamh ar a dtuairiscí agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar, inter alia, an mbonn leis na conclúidí a leagtar amach istigh iontu.

### Tábla 8
### Próifíl na leachtaitheoirí a thug aghaidh ar leachtuithe dócmhainneachta de réir líon na ngníomhaíochtaí 2010-2014

| Líon leachtaitheoirí | Líon gníomhuithe | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | <3 | 3-6 | 7-12 | >12 | Iomlán |
| 2010 | 169 | 48 | 33 | 26 | 276 |
| 2011 | 182 | 57 | 30 | 27 | 296 |
| 2012 | 187 | 63 | 37 | 22 | 309 |
| 2013 | 203 | 46 | 16 | 21 | 286 |
| 2014 | 177 | 39 | 19 | 17 | 252 |

## Leithdháileadh earnálach d'ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 56 na leachtaitheoirí)

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5, níor sheas comhiomlán na n-ionchur seachtrach sin cé is moite de thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí ach do phas beag níos mo ná 21% (2013: 22%) de na hionchuir sheachtracha san iomlán a fuarthas sa bhliain. Sa Tábla thíos, soláthraítear anailís ar leithdháileadh earnálach na n-ionchur seachtrach eile sin.

### Tábla 9
### Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí

| Earnáil | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | | % | | % |
| Éastát réadach & ligean ar cíos | 112 | 28 | 80 | 16 |
| Foirgníocht | 37 | 9 | 65 | 13 |
| Mórdhíol & miondíol | 35 | 9 | 42 | 8 |
| Déantúsaíocht | 32 | 8 | 42 | 8 |
| Óstáin, barrana & lónadóireacht | 19 | 5 | 32 | 6 |
| Gnóthas pobail, sósialta & pearsanta | 32 | 8 | 40 | 8 |
| Airgeadais & léasú | 17 | 4 | 45 | 9 |
| Iompar & dailiúcháin | 11 | 3 | 10 | 2 |
| Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara | 11 | 3 | 8 | 2 |
| Sláinte & obair shósialta | 12 | 3 | 14 | 3 |
| Teicnólaíocht & teileachumarsáid | 3 | 1 | 22 | 4 |
| Margaíodh & bolscaireacht | 5 | 1 | 5 | 1 |
| Earcaíocht & seirbhísí slándála | 2 | 0 | 7 | 1 |
| Earnáil ghnó eile | 3 | 1 | 38 | 8 |
| Earnáil ghnó anaithnid | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Nach cuideachta ann | 71 | 17 | 53 | 11 |
| **Iomlán** | **402** | **100** | **503** | **100** |

## Gearáin

Faigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal sa bhliain. I rith na bliana, fuarthas 236 gearán san iomlán (2013: 252), a sheas do 12% (2013: 11%) de na hionchuir sheachtracha go léir a fuarthas. Sa Tábla thíos, soláthraítear anailís ar ábhar na ngearán a fuarthas.

### Tábla 10
### Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)

| | 2014 | % | 2013 | % |
|---|---|---|---|---|
| Líomhaintí trádáil mheargánta/chalaoiseach/ dhócmhainneach | 65 | 28 | 43 | 17 |
| Bainteach le Cruinnithe Cinn Bhliana Ginearálta/ Urghnácha | 24 | 10 | 15 | 6 |
| Bainteach le fiachas gan íoc | 27 | 12 | 30 | 12 |
| Saincheisteanna cearta scairshealbhóirí ginearálta | 19 | 8 | 23 | 9 |
| Bainteach le trádáil le linn bheith bainte den Chlár | 10 | 4 | 1 | 0 |
| Iompar stiúrthóra | 22 | 9 | 40 | 16 |
| Bainteach le iniúchadh/iniúchóir | 28 | 12 | 28 | 11 |
| Líomhaintí brionnú/faisnéis bhréige a thabhairt | 7 | 3 | 21 | 8 |
| Eile | 34 | 14 | 51 | 21 |
| **Iomlán** | **236** | **100** | **252** | **100** |

# Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó Iniúchóirí

## Intreoir – forbhreathnú ar chóras tuairiscithe na n-iniúchóirí

I gcás ina bhfaigheann iniúchóirí cuideachta seilbh ar fhaisnéis, le linn dóibh iniúchadh a dhéanamh agus dá bhua sin, a bhfuil ina cúis lena dteacht ar an tuairim go bhfuil cúis réasúnach acu le creidiúint go ndearna an chuideachta, nó oifigeach nó gníomhaire den chuideachta, cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí[29], ceanglaítear ar na hiniúchóirí an tuairim sin a thuairisciú don Oifig[30]. Rinne an Oifig treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú chun cabhrú le hiniúchóirí a n-oibleagáidí ina leith seo a chomhlíonadh[31].

## Cineál cionta a rabhthas in amhras orthu a tuairiscíodh

Le linn na bliana, fuarthas 121 tuairisc faoi chionta indíotáilte san iomlán (2013:203). Tugtar anailís sa Tábla thíos ar chineál na gcionta a rabhthas in amhras orthu a bhí sna tuairiscí sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil líon na dtuairiscí a fuarthas ar comhréir le líon na gcionta a rabhthas in amhras orthu a tuairiscíodh mar go raibh níos mó ná cion amháin a rabhthas in amhras air san áireamh i dtuairiscí i roinnt cásanna.

### Tábla 11
### Anailís ar chionta indíotáilte a rabhthas in amhras orthu a thuairiscigh iniúchóirí

| | 2014 | % | 2013 | % |
|---|---|---|---|---|
| Sárú iasachta stiúrthóirí | 101 | 74 | 165 | 78 |
| Mainneachtain leabhair chuí chuntas a choinneáil | 24 | 18 | 26 | 12 |
| Ráitis bhréigeach d'iniúchóirí | 2 | 1 | 2 | 1 |
| Easpa cáilíochta chun ceapacháin mar iniúchóir agus ag feidhmiú mar iniúchóir | 3 | 2 | 2 | 1 |
| Falsú doiciméad | 1 | 1 | 4 | 2 |
| Cionta eile ilgnéitheach | 6 | 4 | 13 | 6 |
| **Iomlán** | **137** | **100** | **212** | **100** |

# Tarchuir

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig mar chuid de chreatlach reachtúil níos leithne a cheadaíonn malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála, comhlachtaí forfheidhmithe agus comhlachtaí ábhartha eile, faoi réir cosaintí agus teorainneacha cuí. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig tarchuir ó chomhlachtaí reachtúla eile ó am go ham. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 43 tarchur den sórt sin (2013: 38) ó roinnt foinsí éagsúla. Ina measc siúd, bhí:

- Cláraitheoir na gCuideachtaí;
- an Banc Ceannais; agus
- Comhlachtaí reachtúla seachtracha eile.

29 Cé is moite de chionta faoi alt 125(2) agus alt 127(12) d'Acht 1963, arna leasú

30 Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna chur isteach ag alt 74 den AFDC agus arna leasú ina dhiaidh sin ag alt 37 d'Acht 2003 agus ag alt 73 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005

31 Fógra Cinnidh D/2006/2 – Treoir Athbhreithnithe faoi Dhualgas Iniúchóirí Tuairiscí a Chur Chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Chásanna Amhrais i leith Cion Indíotáilte. Forlíonadh é seo níos déanaí le Fógra Eolais I/2009/4 – Tuairisciú Cionta Dlí Cuideachtaí: Eolas d'Iniúchóirí

# Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó chomhlachtaí gairmiúla

## Comhlacht Aitheanta Cuntasóireachta ("CACanna")[32]

Sa chás go bhfuil forais réasúnacha ag Coiste Araíonachta nó ag Binse de chuid CAC chun a chreidiúint go bhféadfadh cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a bheith déanta ag duine nuair a bhí an duine sin ina bhall/ball den CAC, éilítear ar an gCAC sin an t-ábhar a thuairisciú don Oifig[33]. Fuarthas dhá thuaraiscí den chineál sin i rith na bliana faoi athbhreithniú (2013: 0).

## Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla ("CFG")

Mar an gcéanna, sa chás go bhfaigheann an Coiste Araíonachta nó Binse de chuid CFG amach nár choimeád ball atá i mbun leachtaithe nó glacadóireachta taifid iomchuí, nó go bhfuil forais réasúnacha ag an gCoiste Araíonachta nó ag Binse de chuid Comhlacht Forordaithe Gairmiúil chun a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí déanta ag an mball le linn leachtaithe nó glacadóireachta, ní mór don CFG lena mbaineann an t-ábhar a thuairisciú don Oifig[34].

De bhun Rialacháin an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (Alt 58) 2002[35], ainmníodh na comhlachtaí seo a leanas mar CFGanna:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC);
- Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta (ICCB);
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ);
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ);
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí (ICCP);
- Institiúid Chánach na hÉireann; agus
- Dlí-Chumann na hÉireann.

Ní bhfuarthas aon tuaraiscí den chineál sin ó CFGanna i rith na bliana (2013: 0).

# Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann

I gcúinsí inar cosúil go bhfuil aon iar-oifigeach nó aon oifigeach reatha de chuid na cuideachta ciontach in aon chion a bhaineann leis an gcuideachta, éilítear ar leachtaitheoirí tuairisc a thabhairt don SIP agus an t-ábhar a tharchur chuig an Oifig[36]. Baineann an oibleagáid tuairiscithe seo le gach leachtú, idir shócmhainneach agus dhócmhainneach (is é sin Leachtuithe Deonacha Creidiúnaithe agus Leachtuithe Cúirte araon). Le linn na bliana, ní bhfuair an Oifig aon tuairisc den sórt sin (2013: 10).

---

32 Is é is Comhlacht Aitheanta Cuntasaíochta (CAC) ann ná comhlacht cuntasóireachta a bhfuil cead aige údarás a thabhairt dá chuid ball, faoi réir critéir áirithe a bheith sásaithe ag na baill sin, gníomhú mar iniúchóirí reachtúla agus mar ghnólachtaí iniúchóireachta faoi seach. Tá sé Chomhlacht Aitheanta Cuntasaíochta, is iad sin:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC)
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ)
- Institute of Chartered Accountants in England & Wales (ICAEW)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ)
- Institute of Chartered Accountants of Scotland (ICAS)
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí (ICCP)

33 Alt 192(6) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna leasú le halt 73 den AFDC

34 Alt 58 den AFDC

35 IR 544 de 2002

36 Alt 299 d'Acht 1963

# IONCHUIR INMHEÁNACHA

## Intreoir

Cé, mar a bhí soiléir sa chuid níos luaithe den Chaibidil seo, go bhfágann líon na n-ionchur seachtrach a fhaightear go n-osclaítear formhór na gcáschomhad a osclaítear laistigh den Oifig seo mar fhreagra ar na hionchuir sheachtracha sin, gineann an Oifig ionchuir inmheánacha freisin trí ghlacadh le cur chuige réamhghníomhach i leith fhorfheidhmiú Achtanna na gCuideachtaí. I measc na n-ionchur i dtaca leis sin, tá tionscnaimh inmheánacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha;
- maoirseacht ar leachtaitheoirí; agus
- imscrúduithe agus fiosruithe eile arna dtosú ar a tionscnamh féin.

## Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha

Sainíonn an Oifig mar "chuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha" na cuideachtaí sin:

- a bhaintear de Chlár na gCuideachtaí mar gheall ar neamhchomhdú a dtuairisceáin bhliantúil; agus
- a raibh dliteanais acu, cé acu a bhí na dliteanais sin iarbhír, teagmhasach nó ionchasach, ag an dáta ar ar baineadh den Chlár iad.

Is féidir leis an Oifig iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun stiúrthóirí de chuid cuideachtaí a baineadh den Chlár a dhícháiliú[37]. Mar sin féin, déantar foráil sa dlí[38] freisin nach féidir leis an gCúirt duine a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dliteanais ag an chuideachta nuair a baineadh an chuideachta sin den Chlár nó gur scaoileadh na dliteanais sin sular tionscnaíodh an t-iarratas a dhícháiliú. Agus breithniú á dhéanamh aici ar an bpionós a fhorchuirfear, is féidir leis an gCúirt na stiúrthóirí a shrianadh sa chás go mbreithníonn sí nach bhfuil údar le dícháiliú sna himthosca áirithe[39].

Sa chás go bhfuil fianaise ann a léiríonn go raibh cuideachta dócmhainneach ag an dáta ar ar baineadh den Chlár í, is é beartas na hOifige breithniú a dhéanamh ar dhícháiliú stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Déantar amhlaidh toisc go seachnaíonn na stiúrthóirí deireadh a chur leis an gcuideachta ar bhealach cuí, is é sin, trí leachtaitheoir a cheapadh, agus iad ag ligean don chuideachta a bheith bainte den Chlár. Trí gan leachtaitheoir a cheapadh, seachnaíonn stiúrthóirí na cuideachta grinnscrúdú ar a gcuid iompair mar a fhoráiltear dó le halt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí (AFDC).

Sa chás go mbaintear cuideachta de Chlár na gCuideachtaí, dílsítear a cuid sócmhainní atá fágtha don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le forálacha an Achta Maoine Stáit 1954.

## Maoirseacht ar leachtaitheoirí

Is é ceann de na feidhmeanna reachtúla atá ag an Stiúrthóir ná:

*"...ról maoirseachta a fheidhmiú, sa mhéid is a mheasann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó cuí, ar ghníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh"*[40].

Cé go dtugann próiseas alt 56, mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, deis don Oifig maoirseacht indíreach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d'obair leachtaitheoirí, measann an Oifig é a bheith cuí nó riachtanach ar shlí eile ó am go ham maoirseacht níos dírí a dhéanamh ar obair leachtaitheoirí. Déantar an mhaoirseacht níos dírí sin trí na cumhachtaí ar tugadh don Oifig le hAlt 57 den AFDC a fheidhmiú[41].

37 Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)

38 Alt 160(3A) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)

39 Alt 160(9A) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)

40 Alt 12(1)(e) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí

41 Áirítear foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí in Alt 323A d'Acht 1963

Foráiltear le halt 57 gur féidir leis an Stiúrthóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a iarraidh, ar a thionscnamh féin nó de bhun gearáin ó bhall, ó ranníocóir nó ó chreidiúnaí de chuid cuideachta, go dtáirgfear leabhair leachtaitheora – i ndáil le próiseas leachtaithe ar leith, nó i ndáil le gach leachtú arna ndéanamh ag an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar aon cheisteanna a bhaineann lena bhfuil i leabhair den sórt sin, agus gach cúnamh agus is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt a lorg.

Gabhann cosaintí agus teorainneacha áirithe leis na cumhachtaí a tugadh don Stiúrthóir le halt 57, is iad sin:

- ní mór don Oifig fógra a thabhairt don leachtaitheoir is freagróir faoin gcúis (faoi na cúiseanna) lena bhfuil an t-iarratas á dhéanamh; agus
- ní féidir iarratas a dhéanamh i leith leabhar a bhaineann le leachtú a tugadh chun críche níos mó ná 6 bliana roimh an iarratas.

## Imscrúduithe a tosaíodh ar a tionscnamh féin

Mar a léirítear thuas, tionscnaíonn an Oifig fiosruithe agus imscrúduithe ar a tionscnamh féin nuair a mheastar é sin a bheith riachtanach nó cuí ar shlí eile, ag féachaint do na fíricí agus do na cúinsí bunúsacha. I measc na nithe a spreagann gníomhartha den sórt sin, tá:

- saincheisteanna a aithnítear go hinmheánach;
- saincheisteanna a tharchuirtear go hinmheánach;
- saincheisteanna a aithnítear de bhun athbhreithnithe ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC;
- saincheisteanna a aithnítear trí mhonatóireacht ar dhlíthíocht;
- saincheisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairisciú an phreasa, ar an idirlíon srl.

Mar shampla, is é a bhí i gceist le hábhar na bhfiosruithe a tionscnaíodh le linn na bliana ná amhras go raibh daoine féimhithe ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí, amhras go raibh daoine ag gníomhú mar iniúchóirí cé nach raibh siad údaraithe é sin a dhéanamh agus amhras gur falsaíodh cáipéisí.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunúsacha, is féidir cur le fiosruithe agus le himscrúduithe na hOifige trí na nithe seo a leanas a úsáid:

- cumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe do na Gardaí atá ar iasacht leis an Oifig de bhua na hoifigigh sin a bheith ina mbaill den Gharda Síochána.

## Líon na n-ionchur inmheánach – 2014

Gineadh 48 ionchur inmheánach san iomlán le linn 2014 (2013: 107).

# CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, gintear ionchuir, is cuma cé acu a thagann siad ó fhoinsí inmheánacha nó ó fhoinsí seachtracha, cáschomhad a oscailt.

I gcás thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí, cuirtear cásanna i gcrích go nádúrtha de ghnáth nuair a dhéantar cinneadh ar cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar faoiseamh don leachtaitheoir ón oibleagáid chun srianadh stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Dúntar an comhad de ghnáth nuair a dheonaítear an faoiseamh sin. Sa chás nach ndeonaítear faoiseamh, nó nach ndeonaítear é ach go páirteach (is é sin deonaítear i gcás roinnt de na stiúrthóirí, seachas i gcás gach duine díobh), déanann an Oifig faireachán ar na himeachtaí iomchuí srianta nó dícháilithe agus taifeadtar an toradh chomh luath agus a dhéantar cinneadh ar na himeachtaí sin. Mar sin féin, déanann an Oifig athbhreithniú ar chásanna ó am go ham nuair a chuirtear imní in iúl di faoi na nithe seo a leanas, mar shampla:

- inmheabhruithe inchreidte táillí iomarcacha leachtaitheoirí;
- mainneachtain shoiléir sócmhainní a leithdháileadh ar bhonn tráthúil; agus
- mainneachtain shoiléir leachtú a thabhairt chun críche laistigh d'amfhráma réasúnach.

I gcás ionchuir eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúchóirí, gearáin, tarchuir srl., osclaítear comhad agus déantar scrúdú ar an ábhar chun cinneadh a dhéanamh, sa chéad ásc, ar cé acu atá nó nach bhfuil sé ina ábhar a thagann faoi shainchúram na hOifige. Ina dhiaidh sin, déantar dul chun cinn ar chásanna ar an mbonn a mheastar a bheith is oiriúnaí dá gcúinsí ar leith. I measc na modhanna dul chun cinn, tá:

- bualadh leis an ngearánaí, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil de ghnáth ar na saincheisteanna a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith;
- bualadh leis na stiúrthóirí (mar shampla, i gcás a bhaineann le hiasachtaí stiúrthóirí);
- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú amhail, mar shampla éilimh a eisiúint chuig:
  - stiúrthóirí cuideachtaí chun leabhair agus taifid chuideachtaí a tháirgeadh;
  - leachtaitheoirí chun a gcuid leabhair agus taifid leachtaithe a tháirgeadh;
  - daoine atá ag gníomhú, nó a airbheartaíonn chun gníomhú, mar iniúchóirí le haghaidh fianaise a tháirgeadh ar a gcuid cáilíochtaí;
  - leachtaitheoirí á cheangal orthu tuairiscí alt 56 atá amuigh a chomhdú;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a fhorghníomhú, cumhacht na gabhála a fheidhmiú srl.;
- dul i dteagmháil le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith in ann cabhrú le fiosruithe na hOifige, mar shampla, trí fhaisnéis iomchuí a chomhroinnt.

Ar chríochnú fhiosruithe na hOifige, déantar cinneadh ar an gcineál gnímh is oiriúnaí atá le glacadh. Is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith i gceist anseo:

- cinneadh a dhéanamh gan aon ghníomh eile a ghlacadh (mar shampla, i gcásanna ina léiríonn fiosruithe nach raibh aon sárú ar dhlí na gcuideachtaí nó go raibh an sárú mionchúiseach ó thaobh cineáil de agus, mar thoradh air sin, gur díréireach a bheadh gníomh forfheidhmithe);
- cinneadh a dhéanamh gan gníomh forfheidhmithe a ghlacadh ar an ócáid seo ach, ina áit sin, rabhadh a eisiúint go mbrostófar gníomh forfheidhmithe má dhéantar an sárú arís (mar shampla, i gcásanna inar réitíodh an sárú);
- ábhair a tharchur chuig údaráis reachtúla eile nó chuig comhlachtaí gairmiúla eile i gcásanna ina mbaineann na hábhair le sainchúraim faoi seach na n-údarás agus na gcomhlachtaí sin;
- imeachtaí sibhialta a thionscnamh;
- imeachtaí coiriúla a thionscnamh.

Sna Táblaí seo a leanas, leagtar amach sonraí ar na hualaí éagsúla cáis a ndearna an Oifig dul chun cinn orthu le linn na bliana faoi athbhreithniú. Tugtar sonraí sa chéad chuid eile den Chaibidil seo ar na haschuir a thagann as próiseáil a dhéanamh ar ualaí éagsúla cáis na hOifige.

## Tábla 12
## Tréchur thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí – 2014

| | | |
|---|---|---|
| Tuairiscí alt 56 idir lámha ar 1 Eanáir, 2014 | | 765[42] |
| Tuairiscí nua a fuarthas i 2014 | 1,512 | |
| Lúide: Tuairiscí ar a rinneadh cinntí i 2014 | 1,701 | |
| **Tuairiscí alt 56 idir lámha ar 31 Nollaig, 2014** | | **576** |

Tugtar sonraí níos déanaí sa Chaibidil seo ar chinntí na hOifige ar thuairiscí leachtaitheoirí.

## Tábla 13
## Tréchur cásanna eile – 2014

| | | |
|---|---|---|
| Cásanna eile idir lámha ar 1 Eanáir, 2014 | | 154[43] |
| Cásanna nua a osclaíodh i 2014 | 450[44] | |
| Lúide: Cásanna a críochnaíodh i 2014 | 514 | |
| **Cásanna eile idir lámha ar 31 Nollaig, 2014** | | **90** |

42 Athluaite ó Thuarascáil Bhliantúil 2013
43 Athluaite ó Thuarascáil Bhliantúil 2013
44 402 ionchur seachtrach (tagraíonn Tábla 9 dóibh) móide 48 ionchur inmheánach

# CUID C: ASCHUIR

## Aschuir ó phróiseas alt 56

### Cinntí a rinneadh ar thuairiscí leachtaitheoirí

Rinne an Oifig cinntí críochnaitheacha (is é sin cinntí seachas iad siúd chun 'Faoiseamh ag an am seo' a dheonú) ar 1,174 tuairisc leachtaitheoirí le linn 2014 (2013: 1,356), agus rinneadh 527 cinneadh eile chun 'Faoiseamh ag an am seo' a dheonú (2013: 622).

As na cinntí críochnaitheacha a rinneadh le linn 2014, rinneadh 1,098 ceann acu i ndáil le tuairiscí tosaigh (2013: 1,014), agus rinneadh 603 ceann eile acu i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin (2013: 342).

Déantar anailís sa dá Thábla seo a leanas ar na cinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh agus le tuairiscí iardain sin faoi seach.

### Tábla 14
### Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 56 na leachtaitheoirí

| Cineál cinnidh | 2014 | % | 2013 | % |
|---|---|---|---|---|
| Faoiseamh iomlán[45] | 753 | 68 | 951 | 69 |
| Gan faoiseamh a dhámhadh[46] | 44 | 4 | 47 | 4 |
| Faoiseamh páirteach[47] | 8 | 1 | 16 | 1 |
| Faoiseamh ag an am seo[48] | 293 | 27 | 359 | 26 |
| **Iomlán** | **1,098** | **100** | **1,373** | **100** |

### Tábla 15
### Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin alt 56 na leachtaitheoirí

| Cineál cinnidh | 2014 | % | 2013 | % |
|---|---|---|---|---|
| Faoiseamh iomlán[45] | 250 | 41 | 239 | 39 |
| Gan faoiseamh a dhámhadh[46] | 90 | 15 | 80 | 13 |
| Faoiseamh páirteach[47] | 29 | 5 | 23 | 4 |
| Faoiseamh ag an am seo[48] | 234 | 39 | 263 | 44 |
| **Iomlán** | **603** | **100** | **605** | **100** |

Tá liostaí iomlána de na stiúrthóirí, agus de na cuideachtaí lena mbaineann, ar deonaíodh faoiseamh iomlán agus faoiseamh 'ag an am seo' dóibh le linn 2014 ar fáil ag www.osfc.ie.

45 Dámhadh faoiseamh iomlán i gcásanna ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh gach stiúrthóir uile na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

46 Níor dámhadh faoiseamh nuair ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas a le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), nach bhfuil go leor fianaise gur ghníomhaigh aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu

47 Dámhadh faoiseamh páirteach in imthosca ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuairisc(í) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh roinnt stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nach leo ar fad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

48 Dámhadh 'Faoiseamh ag an am seo' i gcásanna ina raibh an Oifig sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun a imscrúdú ar chúis le forléasadh na cuideachta a dul chun cinn/críochnú. Ar an dul céanna, ó am go ham, síleann an Oifig go bhfuil gá cinneadh cinntitheach a chur ar athlá mar gheall ar castacht cúrsaí cuideachtaí áirithe agus an riachtanas gaolmhar rannpháirtíocht forlíontach leis an leachtaitheoir bainteach. Agus 'Faoiseamh ag an am seo' dámhaithe, tá ceangal ar a leachtaoiteoir tuairisc nua a thabhairt isteach.

## Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás nár dheonaigh an Oifig faoiseamh dóibh, éilítear ar leachtaitheoirí iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun srianadh na stiúrthóirí iomchuí cuideachtaí a lorg. I gcásanna áirithe, roghnóidh leachtaitheoirí, mar thoradh ar a gcuid imscrúduithe féin, dícháiliú stiúrthóirí, seachas srianadh stiúrthóirí, a lorg. Leagtar amach sa Tábla thíos sonraí ar thorthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt, faoi mar a thug an Ard-Chúirt iad le linn na bliana.

### Tábla 16
### Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 2014

| | Cásanna | Stiúrthóirí curtha orthu |
|---|---|---|
| Orduithe um shrianadh deonta | 118 | 182 |
| Orduithe dícáiliú deonta | 11 | 16 |
| Gan Orduithe deonta | 12 | 25 |
| **Iomlán** | **136**[49] | **218**[49] |

Tugtar tuilleadh anailíse in Aguisíní 3 go 5 den Tuarascáil seo ar na hOrduithe a rinne an Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí.

## Fíricí agus cúinsí a ndearna an Ard-Chúirt breithniú orthu agus Orduithe Dícháilithe á ndéanamh aici

Is leagtha amach thíos, chun críocha léiriúcháin, atá samplaí de na cineálacha saincheisteanna a ndearna an Ard-Chúirt breithniú orthu agus na hOrduithe dícháilithe atá liostaithe in Aguisín 4 a ghabhann leis an Tuarascáil seo á ndéanamh aici. Rinneadh na hOrduithe sin de bhun iarratais dícháilithe a rinne na leachtaitheoirí ceaptha tar éis dóibh tuairiscí alt 56 dá gcuid a chur faoi bhráid na hOifige:

- cuireadh trí chuideachta ghaolmhara faoi leachtú tar éis achainí ó na Coimisinéirí Ioncaim. Ba ag na cuideachtaí dliteanais chánach a chuimsigh measúnuithe do na blianta 2007-09. Theip ar na stiúrthóirí leabhair chuntais chuí a choimeád agus ba neamhiontaofa a bhí an Ráiteas Cúrsaí a cuireadh faoi bhráid an leachtaitheora;
- bhí baint ag cuideachta a bhí i mbun gníomhaíocht tógála, agus easnamh €3.83m uirthi, le forbairt neamhchríochnaithe ar cheannaigh na stiúrthóirí go pearsanta iad. Theip ar na stiúrthóirí sócmhainní, leabhair agus taifid na cuideachta a sholáthar agus a chosaint agus theip orthu freisin comhoibriú leis an leachtaitheoir. Bhain an chuideachta úsáid as cistí CBL mar chaipiteal oibre agus theip uirthi a freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le tuairisceáin eile nár bhain le CBL. Baineadh úsáid as cártaí creidmheasa agus as cistí eile le haghaidh caiteachas pearsanta freisin;
- i gcás dhá chuideachta ghaolmhara a raibh baint acu leis an earnáil réadmhaoine/tógála, bhí €165k agus €161k ag dul do na Coimisinéirí Ioncaim orthu faoi seach, agus iasachtaí bainc ar fiú €24.4m agus €5m iad acu faoi seach freisin. B’ionann caillteanais charnacha trádála agus níos mó ná €10m agus, i gcás an dá chuideachta, ní raibh aon rialú costas ná aon leithdháileadh costas ar jab aonair ar bith ann. Baineadh úsáid as cistí suntasacha na cuideachta chun speansais phearsanta na stiúrthóirí a íoc agus bhí meath gan mhíniú ann ar shócmhainní agus ar íocaíochtaí le páirtithe gaolmhara;
- rinne na Coimisinéirí Ioncaim achainí chuig an Ard-Chúirt ar fhoirceannadh suas le dhá chuideachta de bhun éileamh ar ÍMAT, ar ÁSPC, ar CBL agus ar CCI gan íoc. Ba iad na suimeanna lena mbaineann ná suim €444k agus suim mheasta €288k faoi seach. Theip ar na stiúrthóirí leabhair chuntais chuí a choimeád agus theip orthu freisin comhoibriú leis an leachtaitheoir agus le hOrduithe ón Ard-Chúirt maidir le faisnéis airgeadais a chur ar fáil. Aistríodh sócmhainní chuig cuideachta ghaolmhar, rud a léirigh fianaise ar ghníomhaíocht athchuideachta. Baineadh úsáid as acmhainní cuideachta chun teach a thógáil do bhaill teaghlaigh gan íocaíocht. Ina theannta sin, sháraigh beirt de na stiúrthóirí téarmaí a srianta faoi seach a bhain le cuideachta roimhe;



49 Ní comhionann uimhir iomlán le suim na lín thuas mar gheall ar an bhfíric go rinneadh srianadh agus dícháiliú araon ar 5 stiúrthóir.

- chuaigh stiúrthóirí cuideachta i mbun tearcíocaíocht agus tearcthuairisciú cánacha a bhí córasach agus d'aon ghnó ar feadh trí bliana ar a laghad, rud as ar tháinig fiachas os cionn €346k a bhí dlite do na Coimisinéirí Ioncaim. Fuarthas iasacht os cionn €216k de chuid duine de na stiúrthóirí a bheith bréagach agus thug na stiúrthóirí mífhaisnéis faoi fhigiúirí trádála freisin. Theip ar na stiúrthóirí freagairt d'iarrataí ón leachtaitheoir ar fhaisnéis agus ar mhíniúcháin maidir leis na difríochtaí suntasacha a aimsíodh sna taifid airgeadais. Mar thoradh air sin, tháinig an leachtaitheoir ar an gconclúid gur theip ar na stiúrthóirí leabhair chuntais chuí a choimeád. Chomh maith leis sin, sháraigh na stiúrthóirí oibleagáidí fostaíochta agus gaolmhara a bhain le gan an pá íosta náisiúnta a íoc. Sháraigh siad forálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre freisin;
- bhí cuideachta faoi réir iniúchta ó na Coimisinéirí Ioncaim, rud inar sainaithníodh go raibh dliteanais chánach tearcthuairiscithe go mór aici. I gcodarsnacht leis an bhfigiúr €128k a tuairiscíodh, ba é €1.31m an tsuim iarbhír a bhí dlite. Tháinig an tsuim sin chun cinn de bharr nár nocht an chuideachta, nó de bharr gur thearcthuairiscigh an chuideachta, na dliteanais ÍMAT agus ÁSPC a bhí aici;
- theip ar chuideachta a raibh baint aici le hinnealra talmhaíochta a dhíol agus a dheisiú leabhair chuntais chuí a choimeád. Níor tugadh léargas cruinn ar staid airgeadais na cuideachta sa Ráiteas Cúrsaí a chuir na stiúrthóirí ar fáil. Le linn iniúchta ó na Coimisinéirí Ioncaim, ní raibh an chuideachta in ann fianaise leordhóthanach a thabhairt ar cheannacháin ar feadh roinnt blianta. Dá bharr sin, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim éileamh ar íocaíocht de bheagnach €1.5m, rud nach raibh an chuideachta in ann a íoc;
- in ionad na suime €70k a tuairiscíodh, bhí dliteanas CBL ar fiú €1m é ag cuideachta a bhí á himscrúdú ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla i ndáil le calaois cáin cláraithe feithiclí agus le ceisteanna eile;
- lean cuideachta de bheith ag trádáil agus í dócmhainneach tar éis di fiachas suntasach a thógáil lena príomhsholáthraí sa Ríocht Aontaithe. Rinne soláthraí eile a bhí lonnaithe in Éirinn éileamh ar íocaíocht a sheirbheáil de bhun alt 214 d'Acht na gCuideachtaí 1963, i ndáil leis an bhfiachas gan íoc. Rinne banc na cuideachta 27 seic neamhíoctha a sheoladh ar ais, agus luach comhiomlán de thart ar €147k orthu. Sheirbheáil na Coimisinéirí Ioncaim éileamh deiridh in éineacht le Fógra Astaithe. Ní rabhthas in ann stoc a taifeadadh sna taifid airgeadais a réiteach le stoc fisiciúil. Chomh maith leis sin, b'ionann taiscí a tógadh ó chustaiméirí i ndáil le hearraí nár soláthraíodh ina dhiaidh sin agus €132k.

## Aschuir shibhialta ó phróiseas alt 56

Le linn na bliana, rinneadh dul chun cinn ar thrí chás ina raibh doiciméid agus ábhair eile á lorg ag leachtaitheoirí de bhun alt 57 den AFDC. I gcás amháin, agus tar éis scrúdú ag an Oifig seo, rinne an leachtaitheoir níos mó ná €70,000 a leithdháileadh ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ar Ghníomhaireachtaí Stáit eile. Sa dara cás, tharchuir an Oifig ceisteanna áirithe chuig na Coimisinéirí Ioncaim tar éis di faisnéis agus míniúcháin áirithe a lorg agus a fháil ón leachtaitheoir lena mbaineann. Dúnadh an tríú cás tar éis don Oifig a scrúdú ar na ceisteanna lena mbaineann a chríochnú.

## Aschuir choiriúla ó phróiseas Alt 56

Ó thráth go chéile, sainaithníonn athbhreithniú na hOifige ar thuarisicí leachtaitheora saincheisteanna a meastar a dteastaíonn gníomhartha uathu de bhreis ar chinntiúchán a dhéanamh i ndáil le cibé acu ar cheart nó nár cheart faoiseamh a dheonú. I measc na ngníomhartha siúd bíonn an méid a leanas i gceist, de ghnáth:

- tarchuir inmheánacha a dhéanamh de shaincheisteanna a meastar a dteastaíonn breis imscrúdú uathu agus/nó gníomh forfheidhmithe; agus
- tarchuir a dhéanamh do chomhlachtaí eile rialála.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, lean an Oifig le haghaidh a thabhairt ar an teip, ar thaobh líon beag leachtaitheoirí, oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh ar bhealach tráthúil. Ag tús na bliana, bhí ionchúiseamh amháin ar siúl agus cuireadh tús le 3 ionchúiseamh eile le linn na bliana. Cuireadh trí ionchúiseamh i gcrích le linn na bliana, agus na cinntí seo a leanas ag gabháil leo:

- cuireadh fíneáil €500 ar leachtaitheoir amháin (i ndáil le dhá thuairisc ar leith faoi alt 56) agus d'ordaigh dó costais ionchúisimh ar fiú €1,250 eile iad a íoc;
- sa dara cás, rinneadh dhá thoghairm a scriosadh amach ar iarraidh ó OSFC agus ghlan an cosantóir costais ionchúisimh €1,250; agus
- sa tríú cás, i bhfianaise chúinsí ar leith an chosantóra, rinne OSFC na toghairmeacha a scriosadh amach gan Ordú le haghaidh costas.

Bhí ceathrú cás fós ar siúl ag deireadh na bliana.

## Aschuir na hoibre forfheidhmithe

Déantar obair forfheidhmithe na hOifige ar roinnt bealaí éagsúla, ina measc siúd:

- dul i dteagmháil le stiúrthóirí cuideachtaí agus le páirtithe leasmhara eile d’fhonn réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach i gcásanna neamhchomhlíonta;
- cumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú d’fhonn comhlíonadh a bhaint amach;
- fianaise ar sháruithe féideartha ar fhorálacha rialála, seachas iad siúd a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, a tharchur chuig rialtóirí iomchuí (lena n-áirítear ábhair iomchuí a tharchur chuig comhlachtaí gairmiúla freisin);
- réitigh shibhialta a lorg san Ard-Chúirt, amhail, mar shampla, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt le haghaidh dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí ar chúiseanna sonraithe;
- imeachtaí achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche; agus
- comhaid imscrúdaithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena bhreithniú ar cé acu atá nó nach bhfuil údar ag na hábhair sna comhaid sin le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda, tar éis mion-imscrúdú a dhéanamh agus teacht ar an tuairim ar bhonn an mhion-imscrúdaithe sin go bhféadfadh údar a bheith le triail ar díotáil mar gheall ar fhianaise ar choiriúlacht a bhfuiltear in amhras uirthi.

Leagtar amach thíos na príomh-aschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmithe na hOifige.

## Réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach

I 115 (2013: 175) chás inar tuairiscíodh, nó inar tháinig chun solais ar shlí eile, sáruithe amhrasta ar iasachtaí stiúrthóirí, tháinig réitigh (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) arbh fhiú €66m san iomlán iad (2013: €62m) as gníomhartha na hOifige. I measc na ngníomhartha a ghlac an Oifig agus iad ag tabhairt faoin gcuspóir lena mbaineann ceartú a bhaint amach ar bhonn deonach, bhí cruinnithe a chur ar bun le stiúrthóirí cuideachta de chuid 8 gcuideachta ar leith.

Chomh maith leis sin, thug an Oifig rabhadh foirmiúil do na daoine seo a leanas:

- 14 dhuine aonair a raibh imní ina leith gur airbheartaigh siad a bheith ag gníomhú mar iniúchóirí gan a bheith cáilithe gníomhú sa cháil sin; agus
- stiúrthóirí de chuid 13 chuideachta i ndáil le ceisteanna a bhain le leabhair chuntais chuí a choimeád.

## Comhlíonadh a áirithiú trí chumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú

Úsáideadh roinnt forálacha reachtúla éagsúla go rathúil le linn 2014 d’fhonn comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a áirithiú. Ina measc siúd:

- 2 ordú faoi alt 131(3) d’Acht na gCuideachtaí 1963, (arna leasú) (“Acht 1963”) lenar éilíodh tionól Cruinnithe Ginearálta Bliantúla (“CGB”) cuideachtaí (2013: 2). Eisíodh na horduithe sin tar éis breithniú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas ó bhaill de na cuideachtaí lena mbaineann;
- 2 ordú faoi alt 145(3A) d’Acht 1963 lenar éilíodh táirgeadh miontuairiscí ó CGBanna cuideachtaí, chomh maith le táirgeadh miontuairiscí ó chruinnithe na stiúrthóirí/ó chruinnithe Choistí na stiúrthóirí. Mar an gcéanna, eisíodh na horduithe sin tar éis breithniú a dhéanamh ar na gearáin a fuarthas;
- 277 n-ordú, de bhun alt 371(1) d’Acht 1963, lenar éilíodh ar leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 56 den AFDC a chomhlíonadh;
- 4 éileamh (2013: 2) faoi alt 19 d’Acht na gCuideachtaí 1990 (“Acht 1990”), a cheangail soláthar cáipéisí.

# Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile

Cé go bhfuil oibleagáid ar an Oifig faisnéis rúnda a dtagann ina seilbh aici a choinneáil, tá foráil reachtúil[50] d'fhaisnéis a chur in iúl do thríú páirtithe áirithe (comhlachtaí rialála eile agus comhlachtaí gairmiúla áirithe) ar choinníoll go sásaítear critéir fhorordaithe áirithe.

De bhun na forála roimhe seo, rinneadh 7 dtarchur (2013: 11) chuig CACanna le linn na bliana. Ag féachaint dá shainchúram reachtúil vis-vis na CACanna, tugtar cóipeanna de tharchuir den sórt sin d'ÚMICÉ i ngach cás.

I measc na saincheisteanna a tharchuirtear chuig CACanna go minic, tá:

- cásanna ina bhfuil amhras go n-airbheartaíonn baill iniúchtaí a dhéanamh nuair nach bhfuil sé/sí údaraithe ag a chuid/cuid comhlachtaí gairmiúla é sin a dhéanamh nó nuair atá sé/sí coiscthe ar shlí eile de bhua dlí nó oibleagáidí gairmiúla;
- neamhthuairisciú, nó tuairisciú moillithe, cionta indíotáilte a bhfuiltear in amhras orthu;
- ceisteanna a bhaineann le cineál na dtuairimí iniúchta a thugtar i leith cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta;
- mainneachtain freagra a thabhairt ar fhiosruithe arna n-ardú ag an Oifig tar éis di tuairiscí a fháil faoi chionta indíotáilte.

Mar aon leis an méid sin roimhe seo, déanann an Oifig tarchuir chuig comhlachtaí rialála eile nuair a mheastar é a bheith riachtanach nó cuí ar shlí eile.

# Forfheidhmiú sibhialta

## Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha

Mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás go raibh cuideachtaí dócmhainneach nuair a baineadh den Chlár iad, is é beartas na hOifige breithniú a dhéanamh ar dhícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí den sórt sin a lorg i gcásanna cuí.

Baintear na mílte cuideachta den Chlár in aon bhliain ar leith. Mar sin féin, ní bhíonn ach cuid acu dócmhainneach. Tarlaíonn sé nach mbíonn cuid mhór cuideachtaí eile acu ag trádáil a thuilleadh nó go mbíonn gach dliteanas gan íoc dá gcuid scaoilte acu sular baineadh den Chlár iad. Mar gheall air sin, féachann an Oifig le cuideachtaí a aithint nuair atá fianaise go raibh fiacha neamhíoctha ábhartha ann ag an dáta ar ar baineadh den Chlár iad.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne an Ard-Chúirt cinneadh ar 4 chás (2013: 14) a bhain le hiarratais ón Oifig ar stiúrthóirí a dhícháiliú. In dhá cheann de na cásanna sin, rinne an Chúirt Orduithe Dícháilithe i ndáil le ceathrar (2013: 25 Ordú Dícháilithe agus 3 Ordú Srianta). Sa 2 chás eile, dhiúltaigh an Chúirt Orduithe Dícháilithe a dhéanamh. Tar éis di machnamh a dhéanamh ar na breithiúnais sa dá chás deiridh sin, chinn an Oifig achomharc a dhéanamh in aghaidh an dá cheann acu. Taisceadh Fógraí Achomhairc leis an gCúirt Achomhairc ina dhiaidh sin. Bhí na hachomhairc sin fós ar feitheamh ag deireadh na bliana.

Mar is léir ó na sonraí thuas, bhí laghdú suntasach ann in iarratais den chineál sin ón Oifig le linn na bliana faoi athbhreithniú. Den chuid is mó, tharla sé sin mar gheall ar an gcinneadh achomhairc a thaisceadh agus iarratais eile a chur siar ar feitheamh breithniú a dhéanamh ag an gCúirt Achomhairc ar na saincheisteanna lena mbaineann.

50 Alt 17 den AFDC

Chinn an Oifig 17 gcás eile (2013: 41) gan ghníomh sa Chúirt agus, ag deireadh na bliana, bhí cinntí ón Ard-Chúirt ar feitheamh i ndáil le 2 chás eile. Dá bhrí sin, caitheadh le 23 cás san iomlán (2013: 64) le linn na bliana faoi athbhreithniú. Tá tuilleadh sonraí faoi Orduithe a rinne an Ard-Chúirt leagtha amach sa Tábla thíos.

## Tábla 17
## Orduithe Dícháilithe a fuarthas de bhun alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990

| Ainm na Cuideachta | Uimhir na Cuideachta | Daoine ar a cuireadh Dícháiliú | Dáta Tosaithe | Dáta Scoiran |
|---|---|---|---|---|
| Peter Redmond Limited | 384914 | Peter Redmond | 19.05.14 | 19.05.19 |
| | | Helena Redmond | 19.05.14 | 19.05.19 |
| Alford Construction Limited | 372457 | Derek Alford | 01.09.14 | 01.09.18 |
| | | Denise Alford | 01.09.14 | 01.09.17 |

## Imeachtaí eile forfheidhmithe shibhialta

### Aventine Resources cpt/John Francis Liwosz agus Anthony William Brown

Mar a leagadh amach i dTuarascáil Bhliantúil 2013, thionscain an Oifig imeachtaí dícháilithe Ard-Chúirte in aghaidh an Uasail John Francis Liwosz agus an Uasail Anthony William Brown, stiúrthóirí Aventine Resources cpt, i leith Orduithe de bhun alt 160(2)(b) (sárú dualgais) agus alt 160(2)(f) (mainneachtain sheasmhach) d'Acht 1990. Tar éis an caingean a éisteacht le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne an Ard-Chúirt Orduithe Dícháilithe faoi alt 160(2)(b) agus alt 160(2)(f) faoi seach in aghaidh an Uasail Liwosz (7 mbliana) agus an Uasail Brown (6 bliana). Anuas air sin, dheonaigh an Ard-Chúirt a costais don Oifig, fómhas a ndéanfaí ar na costais ar mhainneachtain comhaontaithe.

Bhí an dlíthíocht sin suntasach sa dóigh is gurbh í sin an chéad uair a fuair an Oifig Orduithe Dícháilithe de bhun alt 160(2)(f) (mainneachtain sheasmhach). Chuige sin, chinn an Ard-Chúirt nach amháin gur theip ar na Freagróirí go seasmhach cloí le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, sháraigh siad na téarmaí in dhá Ordú Ard-Chúirte, a mbeadh sé réasúnach agus oiriúnach Ordú Dícháilithe a dhéanamh ar an bhforas deireanach sin amháin.

### An tUasal Michael Bailey agus an tUasal Thomas Bailey/Bovale Developments[51]

Mar a tagraíodh dó i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, thionscain an Oifig imeachtaí dícháilithe in aghaidh an Uasail Michael Bailey agus an Uasail Thomas Bailey (na Freagróirí), stiúrthóirí Bovale Developments ("Bovale"), in 2006.

Éisteadh an cás an 21 Deireadh Fómhair 2013 roimh an mBreitheamh Onórach Finlay Geoghegan agus thug an Chúirt breithiúnas an 9 Nollaig 2013. Rinne sí ordú de bhun alt 160 d'Acht 1990 (arna leasú) lenar dícháilíodh an tUasal Michael Bailey agus an tUasal Thomas Bailey ar feadh 7 mbliana. Agus í ag teacht ar an téarma dícháilithe, mheas an Chúirt gurbh ionann an tréimhse dícháilithe chuí agus 14 bliana murach na himthosca maolaitheacha ach, ag cur na dtosca maolaitheacha san áireamh, ba chuí a bhí téarma 7 mbliana.

Leag an Chúirt bac ar theacht in éifeacht an Ordaithe an tráth sin mar gur chuir na Freagróirí in iúl go raibh sé mar rún acu iarratas a dhéanamh, de bhun alt 160(8) d'Acht 1990, ar mhéid faoisimh ón Ordú Dícháilithe. Éisteadh iarratas na bhFreagróirí ar fhaoiseamh an 1 Bealtaine 2014. Chuir an Chúirt an bac ar ceal ag an éisteacht sin (is é sin, tháinig an tOrdú Dícháilithe in éifeacht) ach thug sí údarás do na Freagróirí leanúint de bheith ina stiúrthóirí nó de bhaint a bheith acu i mbainistiú cuideachtaí áirithe, mar atá liostaithe i Sceideal a cuireadh ar fáil don Chúirt, go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 agus an dáta sin san áireamh, ar choinníoll go gceapfaí beirt stiúrthóirí breise ar a laghad chuig na cuideachtaí ábhartha. Tar éis iarratas eile ar fhaoiseamh a rinne na Freagróirí, a tháinig os comhair na Cúirte an 17 Iúil 2014, thug an Chúirt treoir go n-athrófaí an tOrdú réamhluaite ón 1 Bealtaine 2014 ionas go dtabharfaí cead do na Freagróirí leanúint de bheith ina stiúrthóirí nó de bhaint a bheith acu le bainistiú na gcuideachtaí atá liostaithe sa Sceideal thuas ar choinníoll go gceapfaí stiúrthóir breise amháin ar a laghad chuig gach cuideachta ábhartha an 20 Iúil 2014 nó roimh an dáta sin.



51 Tugadh Bovale Developments Limited air roimhe sin (roimh athchlárú mar chuideachta neamhtheoranta)

## Banc Náisiúnta na hÉireann Teoranta (“BNÉ”)/Seirbhísí Airgeadais Bhanc Náisiúnta na hÉireann Teoranta (“SABNÉ”)

Mar a leagadh amach i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, tá páirt glactha ag an Oifig i sraith cásanna sibhialta idirghaolmhara. Tagann gach ceann de na cásanna sin ó Thuarascáil na gCigirí (arna gceapadh faoi Alt 8 d’Acht 1990) chun imscrúdú a dhéanamh ar Ghnóthaí an BNÉ agus an SABNÉ[52].

I mí Iúil 2005, thionscain an Oifig imeachtaí Dícháilithe in aghaidh naonúir a bhí ina stiúrthóirí agus/nó ina n-oifigigh de chuid an BNÉ agus/nó an SABNÉ roimhe seo. Ba í an staid ag tús na bliana 2014 ná go raibh sé cinn de na cásanna tugtha chun críche go hiomlán agus go raibh dátaí éisteachta Cúirte Uachtaraí ar feitheamh maidir le trí achomharc[53] in aghaidh cinntí a rinne an Ard-Chúirt roimhe sin.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, tháinig dhá cheann de na hachomhairc os comhair na Cúirte Uachtaraí. Bhain an dá cheann de na cásanna sin le hachomhairc a rinne na Freagróirí in aghaidh Orduithe Dícháilithe a rinne an Ard-Chúirt. Le toiliú, rinne an Chúirt Uachtarach Orduithe lenar neamhníodh Orduithe na hArd-Chúirte agus d’fhorchuir sí Dearbhuithe Srianta a thiocfadh in éifeacht ó na dátaí ar a ndearnadh na hOrduithe in 2014. Sa dá chás, rinne na hAchomharcóirí ranníocaíochtaí le haghaidh chostais dlí na hOifige. Ag deireadh na bliana, bhí dáta le haghaidh an t-aon achomharc amháin atá fágtha chuig an Ard-Chúirt a éisteacht ar feitheamh.

## Iarratais ar fhaoiseamh faoi alt 152 d’Acht 1990

Foráiltear le halt 152 d’Acht 1990, i measc nithe eile:

- féadfaidh duine lena mbaineann dearbhú srianta, laistigh de bhliain amháin ar a mhéid tar éis dearbhú a bheith déanta, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar fhaoiseamh, go hiomlán nó go páirteach, ón srianadh agus féadfaidh an Chúirt má mheasann sí é a bheith ceart agus cothromasach déanamh amhlaidh an faoiseamh sin a dheonú ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi; agus
- ar fhógra a fháil faoin rún iarratas den chineál sin ar fhaoiseamh a dhéanamh, cuirfidh an leachtaitheoir in iúl láithreach do na creidiúnaithe agus do na ranníocóirí sin de chuid na cuideachta a bheidh curtha in iúl dó, nó a mbeidh sé faighte amach aige cé hiad, go bhfuair sé fógra den sórt sin.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, tháinig an Oifig ar an eolas faoi iarratais bheartaithe ar fhaoiseamh de bhun alt 152 in dhá chás ar leith. I gcás amháin, rinne an Oifig teagmháil leis an iarratasóir agus chuir sí in iúl don iarratasóir an fhaisnéis ar cheart, i measúnú na hOifige, aird na Cúirte a tharraingt uirthi maidir leis an iarratas beartaithe. Tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas siar ina dhiaidh sin. Sa dara cás, bhí an t-iarratas ar feitheamh fós ag deireadh na bliana.

## Dlíthíocht shibhialta eile

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, thionscain Gearánaí imeachtaí Ard-Chúirte in aghaidh roinnt Cosantóirí, an Oifig san áireamh. Ó thaobh na hOifige de, líomhain an Gearánaí gur theip ar OSFC imscrúdú ceart a dhéanamh ar cheist a tharchuir an Gearánaí chuici roinnt blianta roimhe sin.

A luaithe ab fhéidir, d’eisigh an Oifig Rún go gcaithfí imeachtaí an Ghearánaí amach mar nár nochtadh cúis chaingne agus/nó go raibh siad suaibhreosach agus cráiteach. Tar éis di an cheist a bhreithniú, rinne an Ard-Chúirt Ordú lenar cealaíodh éileamh an Ghearánaí in aghaidh na hOifige agus ní dhearnadh aon Ordú maidir le costais in aghaidh na hOifige.

52 Cheap an Ard-Chúirt na Cigirí i mí an Mhárta 1998 agus rinne siad a n-imscrúduithe thar thréimhse a mhair beagán níos mó ná 6 bliana. Foilsíodh a dTuarascáil trí Ordú na hArd-Chúirte a rinneadh i mí Iúil 2004.

53 Rinne an Oifig ceann amháin de na hachomhairc sin in aghaidh cinnidh a rinne an Ard-Chúirt lenar diúltaíodh áitiú na hOifige gur cheart na freagróirí ábhartha a dhícháiliú. Rinne freagróirí trí cinn de na hachomhairc in aghaidh chinntí na hArd-Chúirte lenar dearbhaíodh áitiú na hOifige gur cheart na freagróirí a dhícháiliú.

# Forfheidhmiú coiriúil

## Cásanna a tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena breithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart iad a ionchúiseamh ar díotáil

Dé bhrí gur féidir leis an Stiúrthóir ionchúisimh achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche, is faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin cinneadh a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh (is é sin, os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda).

### IarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt ("Anglo")

Sonraíodh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo cineál ginearálta na saincheisteanna a bhí á n-imscrúdú ag an Oifig agus a mhéid a cuireadh comhaid faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mar thoradh ar na himscrúduithe sin.

Ag tús na bliana 2014, b'ionann an staid agus gur threoraigh an SIP gur cheart triúr, is iad sin, an tUasal William McAteer, an tUasal Patrick Whelan agus an tUasal Sean FitzPatrick, iarstiúrthóirí Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach iad uile, a thriail ar díotáil, gach duine díobh i ndáil le 16 shárú líomhnaithe ar fhorálacha alt 60 d'Acht 1963[54]. Threoraigh an SIP anuas air sin, gur cheart duine amháin de na daoine sin, is é sin, an tUasal Seán Fitzpatrick, a thriail ar díotáil i ndáil le 12 shárú líomhnaithe ar fhorálacha alt 197 d'Acht 1990[55].

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, éisteadh triail na sáruithe líomhnaithe ar alt 60 i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath roimh an mBreitheamh Onórach Martin Nolan agus roimh ghiúiré. Mhair an triail breis agus 10 seachtaine idir mí Feabhra agus mí Aibreáin agus cuireadh éisteacht daortha deiridh ar siúl i mí Iúil. De bhreis ar na cúisimh a bhí ann cheana i sáruithe líomhnaithe ar alt 60 ar tugadh an triúr cosantóirí uile ar ais chun trialach dá mbarr, chuir an SIP 7 gcúiseamh bhreise leis an díotáil in aghaidh an Uasail Whelan lenar líomhnaíodh cionta a bhí contrártha d'alt 243 d'Acht 1990[56].

Fuarthas an tUasal McAteer agus an tUasal Whelan ciontach i 10 gcinn de chúisimh alt 60 a tugadh ina n-aghaidh agus fuarthas neamhchiontach iad i 6 chúiseamh eile den chineál sin. Ina theannta sin, fuarthas an tUasal Whelan neamhchiontach, le hordú ón mBreitheamh trialach, i 7 gcúiseamh faoi alt 243 a ndearnadh é a dhíotáil agus a thriail ina leith. Toisc gur ciontaíodh iad ar díotáil i gcion faoi Achtanna na gCuideachtaí, tá an tUasal McAteer agus an tUasal Whelan araon faoi réir Orduithe Dícháilithe ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús dháta an chiontaithe de bhun alt 160(1) d'Acht 1990.

Fuarthas an tUasal FitzPatrick neamhchiontach sna cúisimh uile ina aghaidh. I gcás 10 gcinn de na cúisimh sin, thug an giúiré breithiúnas go raibh sé neamhchiontach agus, i gcás na 6 chúiseamh eile, thug an Breitheamh trialach treoir don ghiúiré a bhreith go raibh sé neamhchiontach.

An 31 Iúil 2014, chuir an Breitheamh Onórach Nolan seirbhís pobail 240 uair an duine ar an Uasal McAteer agus ar an Uasal Whelan i dtaca leis na cúisimh a bhfuarthas iad ciontach iontu.

Maidir le hionchúiseamh an Uasail Sean FitzPatrick i sáruithe líomhnaithe ar alt 197 d'Acht 1990, socraíodh an triail sin go sealadach le haghaidh éisteachta a bheadh ar siúl an 7 Deireadh Fómhair 2014. I mí Iúil 2014, ghéill an Chúirt d'iarratas a rinneadh thar ceann an Uasail FitzPatrick ar dhul ar atráth na trialach agus tá sí liostaithe le tosú anois an 13 Aibreán 2015.

I mí Aibreáin 2014, thionscain an SIP sraith bhreise imeachtaí a tháinig as imscrúduithe OSFC a bhaineann le Anglo. Is iad an tUasal William McAteer agus an tUasal Patrick Whelan na cosantóirí sna himeachtaí sin, ar imeachtaí iad a bhaineann le cionta líomhnaithe a bhí contrártha d'alt 297[57] d'Acht 1963. Sa dá chás, líomhnaítear go raibh an cúisí, an 29 Meán Fómhair 2008:

*"…ina pháirtí eolach i ngnó cuideachta a iompar chun críche calaoisí, is é sin, iasacht ab fhiú méid €8,426,307.00 á deonú ag IarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt do [William McAteer] nár urraíodh ach ar scaireanna [an Uasail McAteer] in IarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt ionas go bhféadfadh [an tUasal McAteer] iasacht a íoc ar ais ina hiomláine le Banc na hÉireann sa mhéid sin a bhí [an tUasal McAteer] faoi dhliteanas pearsanta, rud a bhí ina chúis le gnóthachan don [Uasal McAteer] agus le caillteanas don bhanc luaite sna cásanna a bhaineann le hIarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt."*

54 Pléitear le halt 60 le cúnamh airgeadais a bheith á sholáthar ag cuideachta maidir le scaireanna dá cuid féin a cheannach

55 Pléitear le halt 197 le ráitis bhréagacha a dhéanamh le hiniúchóirí

56 Pléitear le halt 243 le díothú, lot nó falsú doiciméad

57 Pléitear le halt 297 le dliteanas coiriúil na ndaoine lena mbaineann maidir le trádáil chalaoiseach ag cuideachta

I mí na Samhna 2014, liostaigh an Chúirt na himeachtaí sin le haghaidh trialach i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath thar thréimhse ceithre seachtaine dar tús an 16 Eanáir 2017.

Maidir leis na trialacha ar feitheamh, lean an Oifig le linn na bliana faoi athbhreithniú le hacmhainní suntasacha a chaitheamh ar chabhrú le hOifig an SIP i gcomhlíonadh dhualgais na hOifige sin gach fianaise ábhartha a bhí aici a nochtadh do dhlíodóirí an chosantóra. Ní hé amháin go mbaineann an nochtadh dualgais sin[58] leis an ábhar a mheas Oifig an SIP gur cheart a áireamh sna Leabhair Fianaise (ar an mbonn gur fianaise í a mbeartaíonn an t-ionchúiseamh brath uirthi ag an triail), ach le

*"...haon ábhar [eile] a d'fhéadfadh bheith bainteach le hábhar an cháis a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcosaint nó dochar a dhéanamh don ionchúiseamh"*[59].

Anuas air sin, lean an Oifig le breis fianaise a bhailiú de réir mar a thángthas uirthi, nó mar fhreagairt do threoracha ó Oifig an SIP chun breis imscrúdú a dhéanamh ar bhearta a mheas sí a bheith riachtanach nó inmhianaithe.

Maidir leis an dá chomhad eile a chuir an Oifig seo faoi bhráid an SIP roimhe seo (ar déileáladh leo i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo), níor threoraigh an SIP aon chúisimh go dtí seo i dtaca le ceann ar bith de na ceisteanna sin[60]. Maidir leis an gceist eile, threoraigh an SIP go ndéanfaí cúiseamh ar dhuine ainmnithe. Níl an cúiseamh sin ann a thuilleadh, áfach, agus tá deireadh tagtha le páirt na hOifige sa cheist sin dá bharr.

## An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcoinne An tUasal Ignatius Forde

Ag tús na bliana faoi athbhreithniú agus ag teacht as comhaid a chuir an Oifig seo faoi bhráid an SIP, ba í an staid ná gur threoraigh SIP gur cheart an tUasal Ignatius Forde a thriail ar díotáil i dtaca le 50 cion líomhnaithe a bhí contrártha d'alt 187[61] agus d'alt 242[62] d'Acht 1990.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, díotchúisíodh an tUasal Forde agus phléadáil sé ciontach ar 13 scór ar an díotáil ar bhonn fíricí iomlána mar seo a leanas:

- 11 scór de thuarascálacha iniúchóra bréagacha a sholáthar contrártha d'alt 242(1) d'Acht 1990; agus
- 2 scór de ghníomhú mar iniúchóir le linn dó bheith dícháilithe déanamh amhlaidh, contrártha d'alt 187(6) agus d'alt 187(9) d'Acht 1990.

Daoradh an tUasal Forde sa Chúirt Chuarda Choiriúil ina dhiaidh sin mar seo a leanas:

- ar scór amháin de thuarascáil iniúchóra bhréagach a tháirgeadh contrártha d'alt 242(1) d'Acht 1990, ar thug sé pléadáil chiontach, ar ciontaíodh é agus ar gearradh fíneáil €1,000 air ina leith;
- cuireadh an 12 scór eile ar thug sé pléadáil chiontach ina leith san áireamh (is iad sin, 10 scór de thuarascáil iniúchóra bhréagach a tháirgeadh contrártha d'alt 242(1) d'Acht 1990 agus dhá scór de ghníomhú mar iniúchóir le linn dó bheith dícháilithe déanamh amhlaidh, contrártha d'alt 187(6) agus d'alt 187(9) d'Acht 1990);
- cuireadh na 37 scór eile ar an díotáil san áireamh gan pléadálacha a thaifeadadh.

58 Atá fréamhaithe sna cearta bunreachtúla chun trialach in am trátha an dlí (ar fáil in Airteagal 38.1 de Bhunreacht na hÉireann) agus chun nósanna imeachta cothroma (ar fáil in Airteagal 40.3).

59 McKevitt v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, neamhthuairiscithe, an Chúirt Uachtarach, an 18 Márta, 2003

60 Is tábhachtach a thabhairt chun solais, áfach, nach mbeartaítear a thabhairt le fios gur cinnte, nó gur dócha, go dtreorófar breis cúiseamh ag dáta éigin amach anseo nuair a úsáidtear an nath "go dtí seo, níor chuir an SIP tús le haon chúisimh". Tá an SIP neamhspleách i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna. Dá réir sin, is di féin amháin a dheimhniú cibé acu, agus a mhéid, a theastaíonn nó nach dteastaíonn ionchúiseamh ó aon chomhaid imscrúdaithe a chuirtear faoi bhráid a hOifige; agus, má theastaíonn, cé na cúisimh ar leith ba cheart a ionchúiseamh. Bunaítear na cinntí siúd ar roinnt breithniúchán, ar féidir faisnéis bhreise ina leith a fháil i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 6 de na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí a d'fhoilsigh Oifig an SIP agus ag http://www.dppireland.ie/publications/category/14/guidelines-for-prosecutors

61 Pléitear le halt 187 leis na cáilíochtaí a theastaíonn le haghaidh ceapacháin mar iniúchóir

62 Pléitear le halt 242 le faisnéis bhréagach a sholáthar

Tar éis di dul i gcomhairle leis an Oifig seo agus an cheist a bhreithniú, rinne SIP achomharc in aghaidh na pianbhreithe thuas ar fhorais trócaire míchuí. Ba í an Chúirt Achomhairc a chinn an t-achomharc sin le linn na bliana faoi athbhreithniú. Fuair an Chúirt Achomhairc gur trócaireach go míchuí a bhí an phianbhreith a ghearr an Chúirt Chuarda Choiriúil ar an Uasal Forde. Mhéadaigh an Chúirt Achomhairc na pionóis a gearradh sa mhéid gur tugadh ordú don Uasal Forde seirbhís pobail 200 uair a chur isteach in ionad téarma príosúnachta 12 mhí agus gur méadaíodh an fhíneáil ó €1,000 go €3,000[63].

Toisc gur ciontaíodh é ar díotáil i gcion faoi Achtanna na gCuideachtaí, tá an tUasal Forde faoi réir Ordú Dícháilithe freisin ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús dháta an chiontaithe, is é sin, an 1 Bealtaine 2014, de bhun alt 160(1) d'Acht 1990.

## Cásanna coiriúla eile a tarchuireadh chuig an SIP

Tar éis imscrúdú fada agus tar éis comhad a chur faoi bhráid an SIP ina dhiaidh sin, gabhadh amhrastach i mí na Bealtaine 2014 agus cúisíodh é i leith cionta líomhnaithe contrártha d'alt 242 d'Acht 1990[62]. I mí Mheán Fómhair 2014, cúisíodh an cúisí i leith cionta líomhnaithe breise contrártha d'alt 242. Is ionann líon iomlán na gcúiseamh os comhair na gCúirteanna agus 37 cúiseamh anois. Faoi dheireadh na bliana, seirbheáladh Leabhar Fianaise agus cuireadh an cúisí ar aghaidh chun trialach sa Chúirt Chuarda.

## Imscrúduithe coiriúla eile

Anuas ar a bhfuil roimhe seo, bhí roinnt imscrúduithe coiriúla eile ar siúl ag deireadh na bliana a bhféadfaí ceisteanna a tharchur chuig SIP lena breithniú dá mbarr, ag brath ar na torthaí orthu.

## Ionchúisimh achoimre

I gcomhréir le forálacha an AFDC, is féidir leis an Stiúrthóir ionchúisimh achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche. Le linn na bliana, rinne an Oifig imeachtaí achoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh ar 10 ócáid (2013: 5), ar eascair na nithe seo a leanas astu:

- 19 chiontú (2013: 17), agus an tAcht Promhadh Ciontóirí 1907 á chur i bhfheidhm maidir le 3 chúiseamh breise sa dhá chás a luaitear;
- fíneálacha comhiomlána €27,500 (2013: €10,000) a ghearradh; agus
- bronnadh costais de €4,750 ar an Oifig (2013: €6,250).

Tá sonraí na na n-ionchúiseamh sin achoimrithe sa Tábla thíos.

63 Tuairiscítear an cás mar seo: An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Forde [2014] IECA 41. Is féidir cóip den tuairisc a fháil sa rannán 'Breithiúnais agus Cinntí' de shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie

## Tábla 18
## Ionchúisimh achoimre socraithe – 2014

| Cás | Éisteacht na Cúirte Dúiche, dáta & ionad coinne | Cúisimh | Toradh Cúirte Dúiche |
|---|---|---|---|
| OSFC i gcoinne Mr. Lauri Quinn t/a Quinn & Company | 1 Aibreán, 2014 Cúirt Dúiche Sligeach | 7 gcion contrártha d'alt 187 (1)[64] d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus 7 gcion contrártha d'alt 242(1)[65] den Acht céanna | Taifeadadh ciontú amháin. Gearradh fíneálacha comhiomlána €1,500 i dtaca le ceann amháin de chionta alt 187, agus na cionta eile go léir á gcur san áireamh. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €1,250 a íoc. |
| OSFC i gcoinne Mr. Patrick Gleeson | 7 Aibreán, 2014 Cúirt Dúiche Cathrach Átha Cliath | 2 chion contrártha d'alt 56(1) agus (3) d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na gCuideachtaí 2001 | Ar phléadáil chiontach, ciontaíodh an Cosantóir agus gearradh fíneáil €250 air sa dá chion. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €1,250 a íoc. |
| OSFC i gcoinne Deneview Management Company Ltd | 26 Bealtaine, 2014 Cúirt Dúiche Cathrach Átha Cliath | 2 chion contrártha d'alt 119(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. | Ciontaíodh an Cosantóir agus gearradh fíneáil €2,000 air sa dá chion. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €1,250 a íoc. |
| OSFC i gcoinne Castle Elms Management Ltd; Carmel Bolger; Enda Heneghan; Michael O'Flynn agus Jerry Beades. | 10 Márta, 2014 Cúirt Dúiche Cathrach Átha Cliath Lean an cás seo ar feadh 3 dátaí eile. | 4 chion contrártha d'alt 131(6) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. Cion amháin contrártha d'alt 145(4) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. | Ar phléadálacha ciontacha, ciontaíodh Carmel Bolger, an Cosantóir, i gcion amháin faoi alt 131(6) agus gearradh fíneáil €250 uirthi. Forchuireadh alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí 1907 i leith cion amháin faoi alt 131(6). Scriosadh na trí chion eile amach. |
| OSFC i gcoinne Castle Elms Management Ltd; Carmel Bolger; Enda Heneghan; Michael O'Flynn agus Jerry Beades. | 2 Iúil, 2014 Cúirt Dúiche Cathrach Átha Cliath | 3 chion contrártha d'alt 131(6) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. Cion amháin contrártha d'alt 145(4) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. | Ar phléadálacha ciontacha, ciontaíodh Enda Heneghan, an Cosantóir, i gcion amháin faoi alt 131(6) agus gearradh fíneáil €750 air. Forchuireadh alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí 1907 i leith cion amháin faoi alt 131(6) agus cion amháin faoi alt 145(4). Scriosadh an cion eile amach. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €250 a íoc. |
| OSFC i gcoinne Castle Elms Management Ltd; Carmel Bolger; Enda Heneghan; Michael O'Flynn agus Jerry Beades. | 2 Iúil, 2014 Cúirt Dúiche Cathrach Átha Cliath | 3 chion contrártha d'alt 131(6) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. Cion amháin contrártha d'alt 145(4) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. | Ar phléadálacha ciontacha, ciontaíodh Michael O'Flynn, an Cosantóir, in dhá chion faoi alt 131(6) agus gearradh fíneáil iomlán €1,000 air. Scriosadh an dá chion eile amach. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €250 a íoc. |

64 Ag gníomh mar iniúchóir gan bheith cáilithe é a dhéanamh
65 Eolas bréagach a thabhairt

| Cás | Éisteacht na Cúirte Dúiche, dáta & ionad coinne | Cúisimh | Toradh Cúirte Dúiche |
|---|---|---|---|
| OSFC i gcoinne Castle Elms Management Ltd; Carmel Bolger; Enda Heneghan; Michael O'Flynn agus Jerry Beades. | 28 Iúil, 2014 Cúirt Dúiche Cathrach Átha Cliath | 4 chion contrártha d'alt 131(6) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. Cion amháin contrártha d'alt 145(4) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. | Ar phléadálacha ciontacha, ciontaíodh Castle Elms Management Limited, an Cosantóir, i ngach ceann de na 5 chion in aghaidh na cuideachta agus gearradh fíneáil €9,000 air. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €250 a íoc. |
| OSFC i gcoinne David Cleary | 8 Deireadh Fómhair, 2014 | 2 chion contrártha d'alt 56(1) agus (3) d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na gCuideachtaí 2001 | Scriosadh toghairmeacha amach. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €1,250 a íoc. |
| OSFC i gcoinne Castle Elms Management Ltd; Carmel Bolger; Enda Heneghan; Michael O'Flynn agus Jerry Beades. | 10 Samhain, 2014 Cúirt Dúiche Cathrach Átha Cliath | 4 chion contrártha d'alt 131(6) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. Cion amháin contrártha d'alt 145(4) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú. | Ciontaíodh Jerry Beades, an cosantóir, i ngach cion agus gearradh fíneáil €10,500 air. Tá ar an gcosantóir costais ionchúisimh €250 a íoc.<br>Rinne an Cúisí achomharc chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh chinneadh na Cúirte Cuarda. Ní dhearnadh cinneadh ar an achomharc sin go fóill. |
| OSFC i gcoinne Gan ainm[66] | 25 Samhain, 2014 | 2 chion contrártha d'alt 56(1) agus (3) d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí na gCuideachtaí 2001 | Scriosadh toghairmeacha amach. |

66 Ag féachaint do na na fíorais áirithe agus imthosca an cháis seo, ní mheastar gur cuí an Cosantóir a aithint.

# 4

# SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA



# CAIBIDIL 4
# SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA

## Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha

### Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí forbartha agus foilsithe ag an Oifig, agus tá sí ar fáil ar a láithreán gréasáin[67]. Tugtar sonraí sa chairt ar roinnt rudaí éagsúla. Ina measc siúd, tá:

- caighdeáin seirbhíse na hOifige;
- na caighdeáin a bhféadfadh custaiméirí a bheith ag súil leo ón Oifig;
- príomhphointí teagmhála.

### Cineál na bpríomhtheagmhálacha le páirtithe leasmhara seachtracha

Tá na nithe seo a leanas i gceist le príomhtheagmháil na hOifige[68] le páirtithe leasmhara seachtracha:

i. treoir agus ábhar gaolmhar a sholáthar;
ii. gníomhaíochtaí for-rochtana;
iii. déileáil le fiosruithe agus le gearáin ó dhaoine den phobal;
iv. caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt; agus
v. láithreán gréasáin/na meáin shóisialta.

Tugtar tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le (i), le (ii) agus le (iv) thuas, a thagann, den chuid is mó, faoi shainchúram Ceannasaí um Fhorfheidhmiú. Cé is moite de ghearáin, a bpléitear leo i gCaibidil 3, tugtar tuilleadh mionsonraí thíos ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le (iii) agus le (v) thuas, a thagann faoi shainchúram Ceannasaí um Fhorfheidhmiú freisin.

### Fiosruithe poiblí

Soláthraíonn an Oifig, a mhéid is indéanta, faisnéis do pháirtithe leasmhara ar cheisteanna ginearálta a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Níl an Oifig in ann, áfach, comhairle dlí a chur ar fáil don lucht déanta fiosruithe agus, i gcásanna ina meastar, mar gheall ar chineál an fhiosraithe, go bhfuil comhairle dlí a lorg, moltar don lucht déanta fiosruithe comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg.

D'fhonn tuilleadh cabhrach a thabhairt don lucht déanta fiosruithe, chuir an Oifig sraith Ceisteanna Coitianta (CCanna), agus freagraí ar na ceisteanna sin, le chéile, agus tá na nithe seo ar fáil ar an láithreán gréasáin[69]. Déantar athbhreithniú ar an rannán CCanna agus cuirtear nithe leis ar bhonn rialta, ag féachaint do chineál na bhfiosruithe atá á bhfáil. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an láithreán gréasáin, is féidir fiosruithe a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist faisnéise na hOifige (info@odce.ie), agus is féidir fiosruithe a dhéanamh ar an teileafón freisin.

